# AN CHOMHAIRLE EALAÍON ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS BAILÉ

Samhain 2013

# CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

CAIBIDIL 1: AN COMHTHÉACS STAIRIÚIL

1.1 Réamhrá na caibidle
1.2 Forbhreathnú gearr ar stair an bhailé
1.3 Ábharthacht an bhailé i sochaí an iarthair faoi láthair
1.4 Bailé na hÉireann go hachomair
1.5 Conclúid na caibidle

CAIBIDIL 2: OIDEACHAS

2.1 Réamhrá na caibidle
2.2 Baic ar fhorbairt oideachas foirmiúil an damhsa in Éirinn
2.3 Forbhreathnú gearr ar an soláthar reatha maidir le damhsa réamh-ghairmoiliúna in Éirinn.
2.4 Samhail fhéideartha le haghaidh oideachas damhsa ghairmiúil in Éirinn
2.5 Breac-chuntas beartaithe ar ábhar cúrsa le haghaidh BA sa Damhsa
2.6 Clár damhsa ghairmiúil a shuí laistigh de thimpeallacht ollscoile agus cumainn idirnáisiúnta le haghaidh dearbhú cáilíochta a fhorbairt
2.7 Conclúid na caibidle

CAIBIDIL 3: DEARCADH LUCHT FÉACHANA

3.1 Réamhrá na caibidle
3.2 Foinsí sonraí maidir le lucht féachana
3.3 Breathnuithe sonraí maidir le lucht féachana
3.4 Breathnuithe maidir le rannpháirtíocht
3.5 Straitéisí chun lucht féachana/rannpháirtíocht a chothú agus a fhorbairt.
*3.5.1 Taighde*
*3.5.2 Scileanna*
*3.5.3 Comhpháirtíochtaí*
*3.5.4 Brandáil*
*3.5.5 Cláreagrú*
*3.5.6 Braistintí seachtracha*
*3.5.7 Gníomhaíochtaí rannpháirtíochta*
3.6 Conclúid na caibidle

CAIBIDIL 4: CLEACHTAS GAIRMIÚIL

4.1 Réamhrá na caibidle
4.2 Comhthosca

4.3 Breithnithe agus pleanáil ealaíonta
*4.3.1 Tiomantas don chruthaitheacht agus an fhoirm ealaíne a chur ar aghaidh.*
*4.3.2 Clár 'cothromaithe' a thairgeadh*
*4.3.3 Cláreagrú samhlaíoch a chuireann breithnithe praiticiúla san áireamh*
4.4 Samhail chleachtais d'Éirinn
4.5 Conclúid na caibidle

AGUISÍN 1: NÓTAÍ PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN NA COMHAIRLE EALAÍON

AGUISÍN 2: MAIDIR LEIS NA hÚDAIR

# RÉAMHRÁ

I mí na Bealtaine 2006 choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon athbhreithniú neamhspleách ar an gcomhthéacs agus ar na saincheisteanna a bhaineann leis an mbailé gairmiúil in Éirinn. Rinneadh na torthaí a chur i dtoll a chéile ina dhiaidh sin i bpáipéar beartais dar teideal *Towards a Strategy of Support for Professional Ballet in Ireland* (I dTreo Straitéis Tacaíochta don Bhailé Gairmiúil in Éirinn), a foilsíodh in 2007 agus ar ghlac an Chomhairle leis an bhliain chéanna. Aithníodh an bailé sa tuarascáil mar chuid dhílis den saol cultúrtha agus aithníodh a thábhacht d'fhorbairt a lán cineálacha damhsa ghairmiúil. Sainíodh moltaí sa cháipéis lenar bunaíodh an bonn le haghaidh beartas foirm ealaíne agus caidreamh maoinithe le heagraíochtaí bailé ó shin.

Tharla a lán athruithe, go comhthreomhar, laistigh den earnáil bailé ó shin. Tá iarmhairtí dosheachanta na gcúinsí deacra airgeadais faoi láthair i measc cuid de na hathruithe sin. In ainneoin na ndúshlán maoinithe sin, áfach, d'éirigh leis an earnáil a fuinneamh agus an ghnaoi atá ag lucht féachana náisiúnta uirthi a choinneáil. Cé go bhfuil an earnáil ag teacht chun cinn fós, tá an teorainn ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Chomhairle ina bacainn maidir leis an treochlár a beartaíodh in 2007 a chur i bhfeidhm. D'ainneoin a thábhacht agus an t-éileamh mór a bhíonn air, tá an bailé fós ina fhoirm ealaíne atá tearcfhorbartha as cuimse in Éirinn. Príomhlaige san earnáil go bhfuil forbairt sholáthar an bhailé amach anseo neamhchinnte go bunúsach fós. Chomh maith leis sin, tá sí fós ag brath an iomad ar thiomantas pearsanta agus gairmiúil roinnt daoine aonair.

Tá sé d'aidhm leis an athbhreithniú seo anailís a dhéanamh ar an staid reatha, an dóigh a bhféadfaí cúrsaí a chur ar aghaidh a phlé agus a bhreithniú, agus creat cuimsitheach chun an bailé a fhorbairt in Éirinn a mholadh. Is é is cuspóir leis an athbhreithniú seo pointe tagartha oibiachtúil a chur ar fáil maidir le beartas bailé gearrthéarmach na Comhairle Ealaíon agus a bheith ina bhonn eolais agus ina threoir maidir le hinfheistíocht phoiblí amach anseo san fhoirm ealaíne. Tá sé beartaithe an obair a rinneadh ó bhí 2007 ann a chur ar aghaidh san athbhreithniú chomh maith mar fhreagairt don cháipéis *Towards a Strategy of Support for Professional Ballet in Ireland*.

I dtaobh aidhmeanna níos leithne, táthar ag súil go gcuirfear fianaise an-láidir ar fáil san athbhreithniú ar ábharthacht an bhailé do shaol cultúrtha na hÉireann. Cruthófar deis ann chomh maith don Chomhairle chun dul i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara ábhartha d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an dóigh is fearr le soláthar a dhéanamh don bhailé ar bhonn inbhuanaithe laistigh de chomhthéacs na timpeallachta airgeadais athraithe agus earnáil ghairmiúil atá ag teacht chun cinn. Táthar ag súil freisin go gcuideofar san athbhreithniú seo leis an earnáil chun a hardmhianta agus a riachtanais a chur in iúl. Is cinnte go gcuideodh sé seo leis an gComhairle chun tacaíocht a chruinniú le haghaidh gormchló chun cleachtas agus oideachas gairmiúil an bhailé in Éirinn a chomhdhlúthú.

Tá sé beartaithe go mbeidh an t-athbhreithniú ar an mbeartas bailé ailínithe go dlúth le cuspóirí ardleibhéil na Comhairle Ealaíon féin agus áireofar ann forbairtí a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó phróiseas níos leithne an athbhreithnithe straitéisigh a dtabharfaidh an Chomhairle faoi in 2014.

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Tá sé mar aidhm sa tuarascáil na tosca sin a thabhairt chun suntais agus féachfar go gníomhach inti le réitigh a fháil ar easnaimh reatha, d'fhonn an fhoirm ealaíne a fheabhsú agus a chur chun cinn sa tír seo. Déantar scrúdú sa staidéar ar thírdhreach bailé reatha na hÉireann, moltar réitigh ann ar dhúshláin agus cuirtear creat comhtháite ar fáil ann chun dul chun cinn a chumasú. Ba cheart breathnú chomh maith ar an athbhreithniú mar cháipéis tagartha le haghaidh bheartas bailé gearrthéarmach na Comhairle Ealaíon agus le faisnéis agus treoir a chur ar fáil maidir le hinfheistíocht phoiblí amach anseo san fhoirm ealaíne.

Tá príomhábhar an athbhreithnithe roinnte ina cheithre chaibidil:

1. An Comhthéacs Stairiúil
2. Oideachas
3. Dearcadh an Lucht Féachana
4. Cleachtas Gairmiúil

Tá nótaí cruinnithe a taifeadadh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le mórán de na príomhghníomhaithe in earnáil bailé na hÉireann san áireamh ag deireadh an staidéir, i bhfoirm aguisín.

## An Comhthéacs Stairiúil

Léiríonn stair an bhailé in Éirinn traidisiún fada saibhir, ag dul siar go dtí an ré inar tháinig sé chun cinn san Eoraip i dtosach, thart ar lár an 17ú haois. Chuir a chleachtas leanúnach lenár bhforbairt chultúrtha agus aeistéitiúil síos go dtí an lá atá ann inniu. In ainneoin a thábhachtaí atá sé, d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil an bailé in Éirinn fós saghas tearcfhorbartha i ngeall ar thosca éagsúla lena gcuirtear bac ar réadú iomlán a acmhainneachta.

## Oideachas

Sna príomhchonclúidí a bhaineann le forbairt oideachas agus oiliúint fhoirmiúil an damhsa in Éirinn (a phléitear i gCaibidil 2) déantar trí réimse riachtanais a shainaithint agus moltar go gcaithfear dul i ngleic leo siúd anois:

- Ba cheart an damhsa a athshuí laistigh de churaclam an oideachais ealaíon mar ábhar scoite laistigh den oideachas bunscoile agus meánscoile (mar atá leis an gceol agus an drámaíocht mar shampla). Ba cheart scor den chleachtas reatha ina gcuirtear an damhsa i láthair mar shnáithe roghnach den churaclam corpoideachais.

- Ba cheart go mbeadh cur chuige nua ann maidir le tacaíocht stáit a chur ar fáil le haghaidh oiliúint ghairmiúil an damhsa.

- Ba cheart oiliúint ghairmiúil sa damhsa a shuí mar chlár Baitsiléir Ealaíon a bheidh creidiúnaithe go foirmiúil laistigh den chóras ardoideachais. Tá samhail mhionsonraithe beartaithe, lena n-áirítear tagairt don ghá le dearbhú cáilíochta agus comhlachtaí creidiúnaithe lena chinntiú go ndéantar cláir dá leithéidí a sheachadadh ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde.

## Dearcadh an Lucht Féachana

I gcaibidil 3 sainaithnítear an gá atá le struchtúir nó córais iomchuí a bhunú le haghaidh bailiú sonraí agus taighde ar an lucht féachana. Chun córais éifeachtacha a thabhairt isteach, beidh sé riachtanach athrú agus dul chun cinn a thomhas ar na leibhéil áitiúla agus náisiúnta araon. I measc na moltaí eile tá an gá atá le haghaidh a thabhairt ar thrí cheist faoi leith:

- D'fhéadfaí feasacht an phobail agus próifíl níos airde don bhailé a bhaint amach trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt scileanna laistigh de chompántais bhailé, comhpháirtíochtaí níos comhoibrithe a fhorbairt agus níos mó béime a chur ar straitéisí cumarsáide lena neartaítear brandáil cuideachtaí

- D'fhéadfaí lucht féachana níos éagsúla a fhorbairt dá nglacfadh compántais agus ionaid bhailé le cur chuige straitéiseach le chéile maidir le clár níos éagsúla a chur i láthair.

- Ní mór d'earnáil bhailé na hÉireann gníomhú le chéile agus oibriú le chéile chun straitéisí a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a spreagadh agus freastal agus rannpháirtíocht a fhorbairt ag gníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus ag taibhithe araon.

## Cleachtas Gairmiúil

Chun feabhas suntasach a chur ar cháilíocht cleachtais ghairmiúil sa tír seo beidh gá le hathrú céime ar leibhéal na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil agus, i gcomhréir leis sin, ar leibhéal uaillmhian ealaíonta trína mbeifear ábalta an fhoirm ealaíne a thabhairt ar aghaidh trí chleachtas cruthaitheach.

Sa chaibidil dheireanach seo breathnaítear ar cad is dea-chleachtas gairmiúil ann agus déantar plé inti ar an dóigh a bhféadfadh na breathnuithe sin roghanna féideartha agus oiriúnacha a chur ar fáil chun cleachtas a fhorbairt in Éirinn. Ag sonrú go bhfuil an leibhéal reatha maoinithe phoiblí le haghaidh damhsa ag titim chun deiridh na hinfheistíochta coibhéisí i réimsí eile na dtaibhealaíon, tugtar le fios sa tuarascáil go mbeadh maoiniú breise ina gcatalaíoch tríd an aistriú dearcaidh a theastaíonn chun an fhoirm ealaíne a chur ar aghaidh a spreagadh. Is iad seo a leanas na moltaí eile:

- Bunaithe ar thorthaí an taighde a rinneadh le haghaidh an staidéir seo, tá cás ann chun acmhainní a atreorú chun tacú le compántas bailé (náisiúnta) aonair

- Soláthar tuairisce imlíní maidir le samhail fhéideartha le haghaidh compántas bailé Éireannach, lena n-áirítear breathnú ar na himpleachtaí a bhaineann le ceisteanna foinsithe airgeadais, soláthar foirne agus cláreagrú ealaíonta (chun cinneadh den sórt sin a dhéanamh theastódh, ar an gcéad dul síos, breathnú mionsonraithe eile ar fhéidearthacht samhla dá leithéid, i measc nithe eile).

- Tá gá ann go gcuimseodh cleachtóirí bailé Éireannacha raon iomlán na foirme ealaíne ina gcláir (i.e. chun saothair nua, bailéanna nuálacha le cóiréagrafaithe bunaithe agus sárshaothair thraidisiúnta lánfhada a chur san áireamh)

Tríd an athbhreithniú seo a dhéanamh, tá a lán príomhcheisteanna a bhaineann le bailé Éireannach tugtha chun suntais ag an gComhairle Ealaíon. Is é an aidhm roghanna trína bhforbrófaí an bailé in Éirinn, dá gcuirfí i bhfeidhm iad thar thréimhse ama réalaíoch, a shainaithint.

Ag cur raon na n-athruithe atá beartaithe agus na n-idirghabhálacha atá molta chomh maith leis na impleachtaí forleathana a d'fhéadfadh bheith ag baint leo san áireamh, tá sé riachtanach a admháil nach bhfuil na hacmhainní riachtanacha ag an gComhairle Ealaíon chun gníomhú leo féin. Beartaítear dá bhrí sin, go gcaithfear beart éifeachtúil ar bith a cheapadh i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara eile.

# CAIBIDIL 1: AN COMHTHÉACS STAIRIÚIL

## 1.1 Réamhrá na caibidle

Tá an lucht féachana faoi chuing ag an mbailé leis na céadta blianta. Chuidigh an Athbheochan, an Reifirméisean, an Eagnaíocht, an Réabhlóid Thionsclaíoch, agus go déanaí an Réabhlóid Theicneolaíoch agus Aois na Faisnéise, go léir le forbairt cheird an bhailé a mhúnlú. Dá réir sin, trasnaíodh an bailé le hidéil chultúrtha, le himeachtaí polaitiúla agus le hathruithe sóisialta agus geilleagracha fud fad a lán tíortha agus ilchríoch. Sainghnéithe i stair an bhailé is ea a theacht chun cinn leanúnach agus an ghnaoi sheasmhach atá ag an bpobal air[1.]

Cuirtear tús leis an gcaibidil seo le léargas ardleibhéil ar bhunús an bhailé agus ara athruithe stairiúla, agus tá achoimre inti ansin ar áit agus ar ábharthacht an bhailé sa tsochaí faoi láthair. Chomh maith le féachaint ar an dá phríomhbhealach chun compántais bhailé ar fud an domhain a mhaoiniú, soláthraítear stair ghairid ar an mbailé in Éirinn agus a phríomhfhorbairtí sa chaibidil seo fosta.

## 1.2 Forbhreathnú gearr ar stair an bhailé

Is féidir bunús an bhailé a lorg siar go dtí cúirteanna na hAthbheochana, is é sin an Iodáil sa lá atá inniu ann. Ré a bhí ann ina raibh mórchoipeadh cultúrtha agus polaitiúil ag a raibh tionchar intleachta domhain ar fhorbairt Nua-Stair Luath na hEorpa. Sa chiall sin, tharlaigh luathfhorbairtí an bhailé i dtréimhse a bhí sainithe ag canónacha aeistéitiúla ard-deismíneacha agus caidreamh casta idir rialtais. Ní raibh sé i bhfad sular thug na stáit a bhíodh an-iomaíoch ar fad lena chéile faoi deara go raibh an chumhacht ag an ealaín iontach a gcáil a threisiú i súile a saoránach agus sa domhan i gcoitinne. Dá bhrí siad rachadh cúirteanna na hIodáile i gcomórtas lena chéile go minic chun na healaíona a chothú, meonta ardéirimiúla a mhealladh agus seónna taibhseacha a léiriú. Ó na ríochtaí Iodálacha sin, leath seónna den sórt sin go dtí cúirt ríoga na Fraince agus forbraíodh iad ina mbailé cúirte le linn dheireadh an 16ú haois. Léirigh an uaisleacht an bailé cúirte i dtosach ina bpáláis agus ina ngairdíní; ba mheascán damhsa, ceoil, véarsa agus dearaidh a bhíodh ann. Dhéantaí na léirithe saothraithe sin a úsáid chun rachmas agus cumhacht an stáit a léiriú agus chun póstaí ríoga a cheiliúradh. Bhíodh gné an damhsa bunaithe ar dhamhsaí sóisialta na gcúirteanna ríoga, ,lenar bhain luailí grástúla an choirp uachtaraigh agus patrúin chuanna urláir. Tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara go raibh easpa idirdhealaithe ann idir an damhsa “sóisialta” agus an damhsa “amharclannach” sa ré sin. Bhí an cumas páirt a ghlacadh i ndamhsaí cúirte grástúla agus aimhréidhe ina bhunriachtanais don uaisleacht. Dá bhrí sin, d’fhostófaí máistrí damhsa gairmiúla chun teicníc agus béasaíocht an damhsa a theagasc (amhail an dóigh le labhairt agus siúl mar is ceart agus an dóigh leat féin a iompar mar is ceart i dtimpeallachtaí sóisialta). Níos déanaí, bhíodh máistrí damhsa á lorg ag réimse i bhfad níos leithne daoine agus rinne siad mórán chun prionsabail na grástúlachta agus na háilleachta a fheictear go mór fós i sochaí an lae inniu, lena n-áirítear in Éirinn, a leathadh. Sa 17ú haois – go háirithe le linn réimeas Louis XIV– rinneadh foirm ealaíne ghairmiúilden bhailé de réir a chéile. Chuidigh bunú *Académie Royale de Musique et de Danse,* go mór leis sin. Bhíodh an t-acadamh freagrach as damhsóirí gairmiúla a chur faoi oiliúint agus as maistrí bailé a cheadúnú. Le linn na tréimhse sin d’fhorbair an fhoirm ealaíne de réir a chéile ó thaibhithe i bpáláis go dtí léirithe in amharclanna chomh maith. Faoi dheireadh an 18ú haois, arna spreagadh ag saothar agus scríbhneoireacht an mháistir bailé Fhrancaigh Jean Georges Noverre, rinneadh foirm ealaíne neamhspleách den bhailé a léirítí in amharclanna poiblí ar fud na hEorpa.

---

[1] Tá litríocht an damhsa saibhrithe le mórán foilseachán ina léirítear teacht chun cinn agus forbairt chuimsitheach an bhailé. Is iad seo trí leabhar tagartha a d’fhéadfaí a mholadh: S. Au (2012), *Ballet and Modern Dance*, Thames and Hudson, Londain, C. Carol (2002), *Ballet in Western Culture*, Routledge, Londain, agus J. Homans (2010) *Apollo’s Angels*, Granta, Londain

Mar a tharla i gcás an cheoil, na litríochta, agus na n-amharcealaíona, bhí tionchar an-mhór ag an Rómánsachas ar an mbailé. Chuidigh dul chun cinn nua san ealaín, amhail forbairt na teicníce *pointe,* níos mó airde ar an gceol agus béim ar mhothú leis na damhsóirí a ullmhú do na héilimh a tháinig isteach leis an dá léiriú is tábhachtaí de ré an bhailé rómánsaigh: *La Sylphide* agus *Giselle*. Ag druidim le deireadh an 19ú haois, d'fhás gnaoi an phobail ar an mbailé sa Rúis, agus tacaíocht aige ó acmhainní fairsinge na sár. Sárthaispeántas den bhailé clasaiceach san fhoirm is taibhsí de iad na bailéanna a cruthaigh Marius Petipa agus Lev Ivanov, amhail *Swan Lake*, *The Sleeping Beauty* agus *The Nutcracker* le linn na tréimhse sin.

Bhí compántas darbh ainm Ballets Russes freagrach as an bhfoirm ealaíne a chothú in Iarthar an hEorpa. Bunaíodh an compántas taistil seo i 1909 faoi threoir an impreasóra, Sergei Diaghilev, agus chuir sé comhoibriú ealaíonta ceannródaíoch chun cinn i measc príomhealaíontóirí amhail Mikhail Fokine, Vaslav Nijinsky, Pablo Picasso agus Igor Stravinsky. Bhí na saothair a bhí mar thoradh air sin dinimiciúil, nuálach agus ag teacht leis an tráth sin. Le linn a shaolré gairide de 20 bliain, d'athraigh sé an meon gurbh fhoirm ealaíne uasaicmigh an bailé go healaín a raibh lucht féachana ar scála agus éagsúlacht gan fasach ina sainghné di.

Bhí caidreamh domhain agus idirnasctha ag an mbailé agus ag an damhsa comhaimseartha ag dul siar go dtí tús na 1900idí. Bhí tionchar suntasach ag an damhsa comhaimseartha ar chur chun cinn teicniúil bhailé an 20ú haois (chuidigh an bailé i gcruthú chora an damhsa chomhaimseartha agus gníomhaigh sé mar phointe tagartha ina leith). D'fhorbair cóiréagrafaithe, amhail George Balanchine agus Robert Joffrey, foirmeacha hibride den bhailé nár urramaigh dearbhphrionsabail dhiana na teicníce clasaicí ach a bhain leas as cora an damhsa chomhaimseartha, an snagcheoil agus an damhsa eitnigh chun saothair nuálacha a chruthú. Bhí an-iontas ar an lucht féachana faoin bhfuinneamh mór fisiceach a cruthaíodh leis na saothair sin agus cruthaíodh dearcadh nua ar an mbailé dá bharr. Sa lá atá inniu ann, tá glúin reatha cóiréagrafaithe ann a rinne an clasaiceachas a athléiriú, a d'insil ina gcuid saothair é agus a chruthaigh saothair iarstruchtúracha cheannasacha lena dtarchéimnítear canóin an bhailé agus an damhsa chomhaimseartha araon.

Léirítear na forbairtí sin chomh maith i gcaighdeán agus in éagsúlacht na hoiliúna gairmiúla atá ar fáil sa lá atá inniu ann. Go deimhin, tá ról tábhachtach ag oiliúint ghairmiúil an bhailé maidir le teorainneacha na foirme ealaíne a leathnú. Dá réir sin, tairgtear cláir ullmhúcháin bhríomhara ina lán scoileanna, ardscoileanna ceoil agus ollscoileanna chun freastal ar na hionchais theicniúla sin. Dá réir sin, coinnítear an teicníc ag fabhrú leis an gcaidreamh siombóiseach seo idir treochtaí córagrafacha le déanaí agus oideolaíocht an bhailé. Lena chois sin, glacadh le cur chuige níos iomlánaíche ina lán cláir oiliúna gairmiúla bailé maidir le hoiliúint agus is é an toradh air sin go minic ealaíontóir damhsa níos cruthaithí, níos ilúsáidí agus níos anailísí. B'fhéidir, i bhfianaise an chuir chun cinn seo, go bhfuil an bailé fós ina bhonn le haghaidh a lán cláir oiliúna gairmiúla damhsa[2] agus a luachanna um araíonacht, fócas agus struchtúr is féidir a aistriú chuig oiliúint an damhsa chomhaimseartha chomh maith le foirmeacha damhsa eile.

## 1.3 Ábharthacht an bhailé i sochaí an iarthair faoi láthair

In ainneoin go mbaineann stair agus traidisiún saibhir leis, tá an bailé fós ina fhoirm ealaíne bheo a leanann de thionchar aeistéitiúil suntasach a imirt sa tsochaí chomhaimseartha. Is féidir bailé a chur in iúl go láidir fós don lucht féachana ar fud an domhain i saothair amhail *Kammer/Kammer* le William Forsythe nó *After the Rain* le Christopher Wheeldon, agus é ar cheann de na seánraí damhsa amharclannaíochta is mó a bhfuil tóir air. Ar fud an domhain Thiar, aithnítear compántais bhailé mar shiombailí de mhórghníomh cultúrtha. Tá a lán de na compántais, a ainmníodh as an tír nó as an gcathair ina bhfuil siad suite, ina bhfoinsí bróid náisiúnta nó réigiúnaigh; tá nasc beagnach mothúchánach acu le mórán saoránach. Ach baineann costas suntasach le compántas gairmiúil bailé a

[2] Ar mhaithe le hiomláine, ní mór a aithint nach mbaineann cuid de chleachtas an damhsa chomhaimseartha leis an mbailé ar chor ar bith. Ní phléitear na gnéithe sin, áfach, toisc nach mbaineann siad le hábhar na caibidle seo.

choinneáil agus ní chumhdaíonn ioncam na dtaibhithe ach cuid bheag den iomaí costas a bhaineann lena leithéid. Dá bhrí sin, faigheann compántais bhailé cúnamh thrí thacaíocht sheachtrach airgeadais de ghnáth. Go traidisiúnta san Eoraip tagann formhór na tacaíochta seo ó fhoinse aonair: fóirdheontais stáit. De ghnáth leithdháileann comhlacht náisiúnta iad sin – e.g. an Chomhairle Ealaíon nó an Aireacht Cultúir. Minic go leor faigheann compántais bhunaithe bhailé an leibhéal céanna tacaíochta agus aitheantais agus a fhaigheann príomh-cheolfhoirne siansa[3]. I gcontrárthacht leis sin, is iad tabhartais phríobháideacha an phríomhfhoinse de mhaoiniú seachtrach i Meiriceá Thuaidh. Bhí compántais ansin ábalta leas a bhaint as foinsí doimhne tacaíochta: cistí dearlaice, iontaobhais, fondúireachtaí agus gnó príobháideach lena marthanacht a chinntiú (mar shampla ba ionann dearlaic Bhailé Houston agus $53.7 milliún nó coibhéis €41.3 milliún in 2012).

## 1.4 Bailé na hÉireann go hachomair

Tá an bailé ina chuid de thírdhreach cultúrtha na tíre seo ó tógadh an chéad amharclann tráchtála i mBaile Átha Cliath thart ar an mbliain 1636. Go ginearálta, áiríodh an bailé sna príomhshaothair *entrachte*, ach de réir mar a rinneadh foirm ealaíne neamhspleách de, lean damhsóirí a bhí bunaithe i mBaile Átha Cliath treochtaí na hEorpa agus léirigh siad bailéanna beaga. I rith an 18ú agus na 19ú haois lean damhsóirí a bhí bunaithe i mBaile Átha Cliath agus damhsóirí ar cuairt ag léiriú ar ardán Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an bheirt chailíní bailé iontacha as an Iodáil ón ré Rómánsach: Carlotta Grisi agus Marie Taglioni. I dtús an 20ú haois, bhreathnaítí ar an mbailé in Éirinn mar chuid den cheoldrámaíocht ar cuairt agus de chamchuairteanna léirithe éagsúla ón Ríocht Aontaithe, cé gur cuireadh léirithe nach raibh ach damhsa iontu (amhail na cinn a bhí á léiriú ag Anna Pavlova agus a compántas) i láthair fosta.

I 1927, tharla forbairt shuntasach nuair a thug William Butler Yeats cuireadh do Ninette de Valois cuidiú leis Scoil Bhailé Amharclann na Mainistreach a bhunú ag an Amharclann Náisiúnta. Baineann tábhacht ollmhór leis an scoil i stair bhailé na hÉireann agus tháinig a lán de stair bhailé na hÉireann ina dhiaidh sin as. I 1943, bhunaigh Joan Denise Moriarty scoil bhailé a raibh an-tionchar aici i gCorcaigh. D’éirigh an Iníon Moriarty ceannasach i *milieu* bhailé na hÉireann ar feadh os cionn 40 bliain trí na compántais éagsúla a bhunaigh agus a stiúir sí: Cork Ballet Company (1947–1993), Irish Theatre Company (1959–1964), Irish Ballet Company/Irish National Ballet Company (1973–1989). Bhí tionchar ag compántas eile, Dublin City Ballet, a bhunaigh Louis O’Sullivan agus a bhí i mbun gnó ó 1979 go dtí 1985, ar thírdhreach damhsa na hÉireann chomh maith trína stór éagsúil de shaothair chlasaiceacha agus chomhaimseartha.

Ó dúnadh an Irish National Ballet Company i 1989, tá suíomh bailé na hÉireann ábhairín neamhchinnte. Ach fós tá ceithre chompántas nua tagtha chun cinn le 20 bliain anuas: Cork City Ballet (1991), Ballet Ireland (1998), Chrysalis Dance (2003) agus Monica Loughman Ballet (2011). Lena chois sin, cruthaíodh an Compántas Náisiúnta Bailé Óige (1995), foilsíodh cáipéis na Comhairle Ealaíon *I dtreo Straitéis Tacaíochta don Bhailé Gairmiúil in Éirinn* (2007), seoladh Youth Ballet West (2007) agus tháinig gníomhaireacht náisiúnta forbartha don bhailé chun cinn: Irish Ballet Forum (2009). Chuir na forbairtí sin go mór leis an bhfoirm ealaíne a choinneáil gníomhach i gcoinsias cultúrtha na hÉireann.

Go traidisiúnta ba í an Chomhairle Ealaíon an phríomhfhoinse maoinithe le haghaidh compántais bhailé in Éirinn. Go suntasach, ó 1953 go dtí 1977 ba é an bailé an t-aon seánra damhsa a bhí á mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon. Go dtí lár na 1980idí, bhí tacaíocht na Comhairle don damhsa dírithe go mór ar shaothar Joan Denise Moriarty. I ndiaidh moltaí i dtuarascáil Peter Brinson *The Dancer and the Dance*: *Developing Theatre Dance in Ireland*, a choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon agus a foilsíodh i 1985, tosaíodh ag díriú go príomha ar an damhsa comhaimseartha i gcás na cinnteoireachta agus an mhaoinithe le haghaidh damhsa. Lena chois sin, agus go méid suntasach i

---

[3] Tá raon leathan buiséid oibriúcháin ag mórchompántais bhailé Eorpacha, ó thart ar €5 mhilliún go dtí €15 mhilliún in aghaidh na bliana.

ngeall ar shrianta na timpeallachta geilleagraí reatha, tá laghdú suntasach tagtha ar an maoiniú atá ar fáil ón rialtas ó bhí 2008 ann. Ag teacht le ciorruithe ar a bhuiséad foriomlán agus ar fud foirmeacha ealaíne, idir 2008 agus 2013, tá laghdú os cionn 41% tagtha ar mhéid an mhaoinithe atá ag an gComhairle Ealaíon chun an damhsa a mhaoiniú. Bhí tionchar ag na hathruithe sin le chéile ar an tacaíocht atá ar fáil do bhailé na hÉireann agus tá bac curtha ar a chur chun cinn dá mbarr.

In ainneoin na ndeacrachtaí sin, tá móréileamh fós ar an mbailé in Éirinn, i gcomhthéacs lucht féachana a mhealladh agus i gcomhthéacs rannphháirtíochta i ranganna araon. Le cois taibhithe le compántais bhailé na hÉireann, tagann compántais camchuairte idirnáisiúnta amhail Birmingham Royal Ballet agus Perm State Ballet ar cuairt go minic.  I ngeall ar na compántais a bheith ag teacht ar ais anseo arís agus arís eile dearbhaítear go bhfuil deis agus margadh ann don lucht féachana Éireannach chun saothair nua agus saothair chlasaiceacha a fheiceáil le compántais a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu i dteannta le ceolfhoirne beo.

Cé gur tháinig laghdú ar an rannphháirtíocht le déanaí, tá gnaoi fós ag cailíní idir ceithre bliana agus sé bliana déag d'aois ar ranganna bailé. Mar sin féin, is fiú a lua gur scoileanna príobháideacha iad na scoileanna bailé ar fad in Éirinn, éagosúil leis an gcás ina lán tíortha Eorpacha a bhfuil scoileanna bailé poiblí iontu chomh maith. Go suimiúil, tá níos mó ranganna ar fáil anois do dhaoine fásta atá ag filleadh ar an mbailé i ndiaidh a bheith ar shiúl uaidh le roinnt blianta, nó do dhaoine atá ag tabhairt faoin mbailé den chéad uair fiú. Tairgtear tairbhí sláinte agus folláine araon sna ranganna sin ach is foirm léirithe chruthaithigh iad chomh maith; áis thábhacht do shaol shaoránaigh na hÉireann idir óg agus aosta.

## 1.5 Conclúid na caibidle

Rinneamar athbhreithniú sa chaibidil seo ar stair an bhailé; ar a bhunús agus ar a fhorbairtí go dtí an lá inniu.  Bhreathnaíomar chomh maith ar ábharthacht leanúnach na foirme ealaíne don tsochaí agus don chultúr comhaimseartha. I gcomhthéacs Éireannach, bhreathnaíomar ar na príomhimeachtaí maidir le forbairt an bhailé sa tír seo agus ar na príomhchompántais agus na príomhghníomhaithe suas go dtí an lá inniu. Go hachomair, féachadh sa chaibidil seo le léiriú go bhfuil traidisiún fada agus saibhir ag baint le stair an bhailé. Tá gnaoi fós ag an lucht féachana in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ar na mbailé; leanann sé de thionchar a imirt ar sheánraí agus ar fhoirmeacha ealaíne eile chomh maith. Mar léiriú áitiúil ar fheiniméan domhanda, tá an bailé á léiriú in Éirinn le breis agus 370 bliain.  Ba cheart go leanfadh sé de ról suntasach a bheith aige i dtírdhreach cultúrtha na hÉireann agus go deimhin mar chuid dár bhforbairt chultúrtha agus aeistéitiúil leanúnach ar leibhéal aonair, leibhéal grúpa, leibhéal pobail agus leibhéal comhchoitianta.

# CAIBIDIL 2: OIDEACHAS

## 2.1 Réamhrá na caibidle

Tá easpa na hoiliúna foirmiúla dúchasaí fós ar cheann de na baic is tromchúisí maidir le forbairt an damhsa in Éirinn. Bhí éifeacht an-diúltach ag an easnamh seo ar fhorbairt an bhailé, i ngeall ar na riachtanais ardteicniúla a bhaineann le cleachtas an bhailé. Cuireann sé bac chomh maith ar fhorbairt chleachtas an damhsa chomhaimseartha. Mar atá léirithe i dtaighde le déanaí, fágann thart ar 50 mac léinn Éireannach an tír gach bliain chun freastal ar chúrsaí damhsa ghairmiúil thar lear (sa Ríocht Aontaithe de ghnáth)[4]. Mar thoradh ar na damhsóirí a bheith ag imeacht gach bliain tarlaíonn laghdú carnach ar an tallann fhéideartha léirithe agus chóragrafach a chuirfeadh go mór le bonneagar thírdhreach damhsa na hÉireann ar chuma eile. Sa chaibidil seo pléifear an cheist phráinneach maidir leis an dóigh le hoiliúint fhoirmiúil dhúchasach an damhsa a fhorbairt agus molfar samhail fhéideartha oideachais inti a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'Éirinn.

Cuireann an plé seo le roinnt tuarascálacha tábhachtacha de chuid na Comhairle Ealaíon maidir le hoideachas an damhsa ghairmiúil in Éirinn a rinneadh thar an tríocha bliain seo a chuaigh thart. Is iad na cinn is suntasaí *The Dancer and the Dance* (1985) le Peter Brinson; *Shall We Dance?* le Leatherdale agus Todd. (1998); *A Professional Dance Curriculum for Ireland* (2003) le Yannick Marzin; agus *Céim Chun Tosaigh: clár i gcomhair damhsa réamhghairmiúil comhaimseartha in Éirinn* (2010) le Victoria O'Brien. Mar a thug Mary Cloake chun suntais ina réamhrá ar thuarascáil Marzin, snáithe a fheictear sna cáipéisí sin an t-iarratas ar Rialtas na hÉireann tacaíocht a thabhairt do sholáthar oideachas gairmiúil an damhsa. Agus an gá ríthábhachtach le haghaidh tacaíocht dá leithéid á admháil, déanfar scrúdú sa chaibidil seo ar shamhail lena gcuirtear oiliúint fhoirmiúil an damhsa laistigh de chóras an ardoideachais.

## 2.2 Baic ar fhorbairt oideachas foirmiúil an damhsa in Éirinn

Nuair a dhéantar comparáidí le tíortha Eorpacha eile, bhí an damhsa in Éirinn ina fhoirm ealaíne a bhí an-ghann in acmhainní go stairiúil. Go deimhin níor ainmníodh an damhsa mar fhoirm ealaíne in Achtanna Ealaíon rialtas na hÉireann go dtí 2003[5], agus admhaíodh i dtuarascáil na Comhairle Ealaíon i 1995 gur fhulaing an damhsa mar fhoirm ealaíne neamairt thromchúiseach in Éirinn[6]. Laistigh den chomhthéacs sin, ní iontas ar bith é go bhfuil oideachas foirmiúil an damhsa fós an-tearcfhorbartha ar fad. Is snáithe roghnach é ar an leibhéal bunoideachais agus meánoideachais laistigh de churaclam an chorpoideachais, seachas é a bheith ar churaclam oideachas na n-ealaíon mar ábhar roghnach staidéir (amhail an drámaíocht agus an damhsa). Chuir sé sin le dearcadh gur gníomhaíocht seach-churaclaim atá in oideachas an damhsa a bhaineann leis an earnáil phríobháideach lasmuigh den oideachas foirmiúil. Agus é ag léiriú na míthuiscintí faoi oideachas na n-ealaíon in Éirinn a tugadh chun suntais chomh luath le 1979 i dTuarascáil Benson[7], molann Peter Brinson go bhfuil claontacht in éadan an damhsa i gcóras oideachais na hÉireann, a thagann as na tuairimí steiréitipiciúla maidir leis an damhsa agus nach ábhar staidéar "úsáideach" é, go háirithe do mhic léinn fhireannacha.[8]. D'fhéadfaí a áitiú gur chuir an easpa tuisceana ar an bhfoirm ealaíne mar ghairm ghairmiúil inmharthana agus míshuíomh oideachas an damhsa laistigh den chóras oideachais ar na leibhéil bhunscoile agus mheánscoile araon, le heaspa oideachas sa damhsa gairmiúil atá creidiúnaithe go foirmiúil in Éirinn.

---

[4] Féach Victoria O'Brien, *Céim Chun Tosaigh: clár i gcomhair damhsa réamhghairmiúil comhaimseartha in Éirinn*, an Chomhairle Ealaíon, 2010.
[5] Ba é an míniú a bhí ar "na healaíona" roimhe seo sna hAchtanna Ealaíon 1951 agus 1973 'péintéireacht, snoíodóireacht, ailtireacht, ceol, drámaíocht, litríocht, dearthóireacht tionscail agus na mín-ealaíona agus na healaíona feidhmeacha i gcoitinne'.
[6] An Chomhairle Ealaíon, *Tuarascáil Bhliantúil 1995*, lch 61.
[7] Ciarán Benson, *The Place of the Arts in Irish Education*, an Chomhairle Ealaíon, 1979.
[8] Peter Brinson, *The Dancer and the Dance: developing theatre dance in Ireland*, lch 54.

I 1999, choimisiúnaigh an t-iar-Aire Ealaíon, Síle de Valera agus an t-iar-Aire Oideachais Micheál Martin, tuarascáil moltaí ón Dr Peter Renshaw maidir le hAcadamh Éireannach le haghaidh na dTaibh-Ealaíon (IAPA). Tuigeadh an IAPA mar acadamh náisiúnta trína ndéanfaí na leibhéil is airde den oideachas gairmiúil agus den oiliúint ghairmiúil sa cheol, sa drámaíocht agus sa damhsa a chur chun cinn agus a fhorbairt[9]. Moladh sa tuarascáil clár céim fochéimithe sa damhsa comhaimseartha a bhunú (ag Ionad Firkin Crane i gCorcaigh), ach ní raibh moladh ar bith inti maidir le hoiliúint an bhailé. D'admhaigh Renshaw gurb ionann bearna shuntasach amháin sa réimse um sholáthar ealaíon in Éirinn agus réimse an bhailé chlasaicigh agus mhol sé go raibh gá tuilleadh taighde a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le cultúr bailé chlasaicigh a cruthú ag an gcéad, dara agus tríú leibhéal[10]. Mar a léirítear i gCaibidil 1 agus i gCaibidil 3 den athbhreithniú seo – agus mar a phléifimid sa chéad chuid eile den chaibidil seo – tá cultúr bailé bunaithe ann cheana i bhfoirm ranganna príobháideacha bailé seach-churaclaim agus cúrsaí damhsa príobháideacha agus státmhaoinithe, chomh maith le cúrsaí damhsa réamh-ghairmoiliúna. Cé nach bhfuil an damhsa comhtháthaithe fós sa bhunscoil agus sa mheánscoil mar ábhar roghnach, tá cohórt suntasach de mhic léinn damhsa ann fós a dteastaíonn oideachas foirmiúil tríú leibhéal uathu sa bhailé agus sa damhsa comhaimseartha araon. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh laistigh de bhonneagar oideachas an damhsa ach níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar an bplé maidir le samhail oideachas foirmiúil gairmiúil an damhsa ina gcuimsítear an bailé agus an damhsa comhaimseartha araon.

## 2.3 Forbhreathnú gearr ar an soláthar reatha maidir le damhsa réamh-ghairmoiliúna in Éirinn.

Léirítear i dtuarascáil O'Brien go bhfuil sé ina réamhriachtanas le haghaidh gairme sa bhailé nó i dtaibhiú comhaimseartha, go bhfágann mic léinn damhsa in Éirinn an tír faoi láthair chun tabhairt faoi oideachas foirmiúil damhsa thar lear. Cé go nglacann roinnt scoileanna damhsa comhaimseartha san Eoraip le mic léinn ó 18 mbliana d'aois, ní mór staidéar lánaimseartha ar an mbailé ag leibhéal gairmiúil a thosú níos luaithe (ag 16 bliana d'aois do chailíní de ghnáth) chun forbairt cheart phlaisteacht an choirp agus máistreacht na teicníce a theastaíonn le haghaidh an chleachtais ghairmiúil a éascú. Chun an leibhéal iontrála riachtanach sa teicníc a theastaíonn ó ghairmchúrsaí thar lear a bhaint amach ag a dtrialacha iontrála, tá dhá phríomhshlí oiliúna ar fáil in Éirinn faoi láthair: Oiliúint pháirtaimseartha nó lánaimseartha ag scoileanna damhsa príobháideacha agus oiliúint lánaimseartha ag coistí gairmoideachais. Is féidir le mic léinn damhsa taithí luachmhar taibhithe a fháil i gcompántais damhsa óige chomh maith. Mar a léiríonn O'Brien, rachaidh mic léinn a fhreastalaíonn ar chúrsaí damhsa lánaimseartha thar lear de ghnáth chun a n-oideachas damhsa a chur i gcrích trí chúrsaí gairmoideachais. Dá bhrí sin is féidir breathnú ar na cúrsaí atá ar fáil in Éirinn mar chúrsaí réamh-ghairmoideachais. Maireann na cúrsaí sin 1-3 bliana, agus bíonn na mic léinn idir 17 agus 21 bliain d'aois de ghnáth. Seo a leanas samplaí de na cúrsaí lánaimseartha atá i bhfeidhm in Éirinn faoi láthair (liostaithe in ord an dáta bunaithe):

- College of Dance, Baile na Manach, Co. Bhaile Átha Cliath (stiúrthóir: Joanna Banks)
- Coláiste Stiofáin Naofa, Corcaigh (stiúrthóir: Alan Foley)
- Coláiste Breisoideachais an Naigín, Baile Átha Cliath (stiúrthóir: Lucy Dundon)
- Coláiste Breisoideachais Inse Chór, Baile Átha Cliath (stiúrthóir: Marion Lennon)
- Institiúid Bhreisoideachais Bhré, Co. Chill Mhantáin (comhordaitheoir cúrsaí: Annette Hynes)
- Dublin International Conservatoire for Dance (stiúrthóir: Monica Loughman)

[9] Peter Renshaw, *Proposal for an Irish Academy for the Performing Arts*, lch 1.
[10] Ibid, lch 12.

Bhí ról foirmitheach tábhachtach ag cuid de na cúrsaí réamh-ghairmoideachais sin maidir le hoiliúint a chur ar roinnt de na príomhealaíontóirí damhsa atá ag obair in Éirinn inniu. Chuaigh na daoine sin ar aghaidh ó na cúrsaí sin go dtí gairmoiliúint thar lear, agus go dtí gairmeacha gairmiúla sa damhsa ansin.[11]. Bealach eile a roghnaigh daoine, go háirithe iad siúd ar mian leo gairm sa bhailé a chleachtadh, ná triail a dhéanamh le haghaidh gairmchúrsaí go díreach ó scoileanna bailé príobháideacha ag 15-16 bliana d'aois (i ndiaidh marcanna ardcháilíochta a bhaint amach i scrúduithe gairmoiliúna Acadamh Ríoga an Damhsa de ghnáth). Mar sin féin, beag beann ar an mbealach a roghnaíonn mac léinn damhsa, tá nasc fós ar iarraidh idir an oiliúint i scoileanna príobháideacha agus ag cúrsaí réamh-ghairmoideachais in Éirinn maidir le hobair a fháil mar dhamhsóir bailé nó mar dhamhsóir comhaimseartha i gcompántas gairmiúil. Tá meon láidir léirithe go seasmhach trí rannpháirtíocht leanúnach na Comhairle Ealaíon leis an earnáil damhsa agus leis an bpobal thar a lán blianta gur cheart go bhféadfadh mic léinn damhsa oiliúint fhoirmiúil a chur i gcrích ar an leibhéal is airde gan an tír a fhágáil.

## 2.4 Samhail fhéideartha le haghaidh oideachas damhsa ghairmiúil in Éirinn

Nuair a chuathas i gcomhairle leis na príomhoideachasóirí damhsa atá ag obair in Éirinn agus an tuarascáil seo á hullmhú, léirigh siad gur chreid siad gur cheart do mhic léinn creidiúnú foirmiúil a fháil laistigh de chóras oideachais na hÉireann dá staidéar damhsa (féach Aguisín 1, 2.2). Ó rinneadh moladh Marzin maidir le curaclam damhsa ghairmiúil in 2003, tharla aistriú ollmhór i ngairmoiliúint an damhsa san Eoraip i dtreo creidiúnú foirmiúil na gcúrsaí oideachas i ndamhsa gairmiúil agus a gcomhtháthú laistigh de chláir chéime ollscoile nó a gceangal leo. Tá roinnt gairmscoileanna damhsa, a bhfuil a líon ag dul i méid, tar éis a gcláir damhsa bailé agus damhsa chomhaimseartha a athrú go cúrsaí Baitsiléir Ealaíon atá creidiúnaithe go foirmiúil. Tá samplaí de na scoileanna móra ag a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta a ghlac leis an tsamhail seo sa liosta thíos. Is é 16 bliana d'aois an aois iontrála le haghaidh na gcúrsaí sin (ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt):

An Ostair
- Konservatorium Wien, an Rannóg Damhsa: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach agus Damhsa Comhaimseartha)

An Ghearmáin
- Staatliche Ballettschule Berlin: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach)
- Palucca Hochschule für Tanz Dresden: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach agus Damhsa Comhaimseartha)
- Folkwang Universität der Künste: BA sa Damhsa (an Damhsa Comhaimseartha)
- Hochschule für Musik und Darstellende Kunst Frankfurt am Main: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach agus Damhsa Comhaimseartha)
- Hochschule für Musik und Theater München, Ballett Akademie BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach le tacaíocht ón Damhsa Comhaimseartha)

An Ísiltír
- Theatre School Amsterdam, an Rannóg Damhsa, National Ballet Academy: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach)
- Koninklijk Conservatorium (Ardscoil Cheoil Ríoga): BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach)
- Rotterdamse Dansacademie: BA sa Damhsa (an Damhsa Comhaimseartha)

An Iorua
- Oslo National Academy of the Arts, Academy of Dance: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach) (glactar le mic léinn ó 15 bliana d'aois)

[11] Féach O'Brien, lgh 13-16.

An Spáinn

- Real Conservatorio Profesional de Danza de Madrid: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach nó an Damhsa Comhaimseartha nó Spáinneach)

An Ríocht Aontaithe

- Central School of Ballet London: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach le tacaíocht ón Damhsa Comhaimseartha)
- London Contemporary Dance School at The Place: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach) (ní ghlactar le mic léinn ach ó 18 mbliana d'aois de ghnáth)
- Rambert School of Ballet and Contemporary Dance: BA sa Damhsa (an Bailé Clasaiceach agus Damhsa Comhaimseartha)
- Royal Conservatoire of Scotland: BA sa Bhailé Nua-Aimseartha (an Bailé Clasaiceach le tacaíocht ón Damhsa Comhaimseartha)

Tá tairbhí ollmhóra ag oiliúint ar chlár atá creidiúnaithe go foirmiúil do mhic léinn damhsa agus bheadh sé thar a bheith suimiúil i gcomhthéacs Éireannach, toisc go gcuirfí bealach díreach ar fáil leis chun breis-staidéar fochéime nó iarchéime a dhéanamh dá mba ghá. I suirbhé Leatherdale agus Toddar ar mhic léinn damhsa Éireannacha tugadh chun suntais go gcuirtear brú suntasach ar mhic léinn chun leibhéal slán gnóthachtáil oideachais a bhaint amach (i.e. an Ardteistiméireacht) sula dtéann siad i mbun oideachas damhsa lánaimseartha.[12]. Agus creidiúnú foirmiúil le haghaidh oiliúint an damhsa in easnamh in Éirinn, roghnaíonn mic léinn damhsa an bealach seo lena n-ionchais phoist amach anseo a chosaint dá mba ghá a ngairm damhsa a thréigean, nó díriú ar ionchais ghairmiúla dhifriúla. Dá bharr sin, áfach, níor thosaigh a lán damhsóirí in Éirinn a n-oideachas damhsa lánaimseartha go dtí go raibh siad 18 mbliana d'aois, agus tá sé sin rómhall chun oiliúint ghairmiúil sa bhailé a thosú.

Ag an bpointe seo tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil dhá chlár fochéime ann ina bhfuil gné damhsa i bhfeidhm in ollscoileanna in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tairgtear clár BA (Onóracha) sa Ghuth agus sa Damhsa in Ollscoil Luimnigh lena n-áirítear roinnt modúl ar theicníc an damhsa dóibh siúd ar mian leo speisialtóireacht a dhéanamh sa damhsa seachas sa ghuth. Dírítear sa chlár seo ar an damhsa comhaimseartha agus tugann mic léinn faoi thrí mhodúl bunaithe ar chleachtadh agus faoi dhá mhodúl bunaithe ar theoiric in aghaidh an tseimeastair. Tairgtear clár BA (Onóracha) sa Damhsa in Ollscoil Uladh ina ndírítear fosta ar an damhsa comhaimseartha. Sa chlár seo baineann leath na n-uaireanta teagmhála le cleachtadh (ceardlanna agus ranganna teicníc damhsa) agus baineann an leath eile le modúil atá bunaithe ar theoiric. Forbairt an-dearfach is ea teacht chun cinn na gclár sin le deich mbliana anuas do mhic léinn damhsa in Éirinn. Tairgtear raon modúl sa dá chlár ina soláthraítear sraith scileanna do mhic léinn a bhaineann le poist éagsúla laistigh den earnáil damhsa. Tá na cláir sin i bhfad níos leithne, áfach, ina scóip ná na dianteicnící oiliúna a theastaíonn chun dul i mbun gairme i dtaibhiú an bhailé ghairmiúil. Thart ar 30 uair an t-íoslíon uaireanta teagmhála le haghaidh ranganna teicníce/stóir maidir le hoiliúint ghairmiúil an damhsa in aghaidh na seachtaine seimeastair.

Difear eile idir na cúrsaí BA ina bhfuil gné damhsa atá ar fáil faoi láthair in Éirinn agus na cláir Eorpacha atá liostaithe thuas is ea na riachtanais mháithreánaigh le haghaidh iontrálaithe ag an aois iontrála. I gcláir BA sa Ríocht Aontaithe agus ar mhórthír na hEorpa, déantar mic léinn a chlárú ag 16 bliana d'aois ar aon dul leis an bpointe scoite is oiriúnaí de réir aoise chun dul isteach in oiliúint lánaimseartha le haghaidh gairm sa damhsa gairmiúil. I gcomhthéacs máithreánaigh, is féidir comparáid a dhéanamh idir iontráil mic léinn damhsa go dtí an t-oideachas tríú leibhéal agus na forálacha máithreánaigh a dhéantar d'iarratasóirí, amhail mic léinn aibí, nach bhfuil teastas fágála scoile acu (mar shampla an Ardteistiméireacht in Éirinn, A-Leibhéil i Sasana agus sa Bhreatain

[12] Leatherdale agus Todd, *Shall we Dance? A Report on Vocational Dance Training in Ireland*, lch 34.

Bheag, nó an *Abitur* sa Ghearmáin). I gcás mic léinn aibí, cuirtear taithí saoil ábhartha agus inniúlacht i gcomhair cúrsa faoi leith san áireamh. Ar an dóigh chéanna, aithnítear gur leor an t-eolas cinéistéiseach ardfhorbartha atá ag mic léinn thréitheacha chun riachtanais mháithreánaigh a shásamh sna tíortha ina dtairgtear staidéir fochéime sa damhsa ó 16 bliana d'aois i leith. Maidir le hÉirinn, tá fasach ann glacadh le mic léinn aibí a thiteann lasmuigh de na gnáthriachtanais mháithreánaigh, agus ba cheart mic léinn damhsa a chur i gcatagóir cosúil leis sin.

## 2.5 Breac-chuntas beartaithe ar ábhar cúrsa le haghaidh BA sa Damhsa

Le fiche nó tríocha bliain anuas tá méadú tagtha ar an ngá le hoiliúint a chur ar dhamhsóirí sna teicnící damhsa chlasaicigh agus chomhaimseartha araon ionas gur féidir leo a bheith iomaíoch i dtrialacha. Agus é ag scríobh in 2003, deir Marzin go raibh teacht chun cinn sa chruthú córagrafach san Eoraip sa chás go bhfostaítear damhsóirí sa damhsa comhaimseartha ag a bhfuil scileanna teicniúla sármhaithe, mar aon le pearsantachtaí taibhithe láidre; agus sa chás go gcuimsítear níos mó agus níos mó den damhsa comhaimseartha i stór an bhailé[13]. Dealraíonn sé gur leanadh leis an treocht seo agus go deimhin gur neartaíodh é le deich mbliana anuas agus is féidir é a fheiceáil i dtírdhreach damhsa na hÉireann chomh maith. Ag cur na ndeiseanna fostaíochta do dhamhsóirí gairmiúla in Éirinn san áireamh, sa chás (cosúil le gairm na hamharclannaíochta) nach bhfuil obair ar fáil faoi láthair ach ar bhonn séasúrach nó de réir taibhithe, bheadh sé riachtanach bonn a bheadh chomh láidir céanna a chur ar fáil sa bhailé clasaiceach agus sa damhsa comhaimseartha araon. Dírítear sa churaclam atá molta ag Marzin ar an damhsa comhaimseartha, agus cuimsítear an bailé mar theicníc tacaíochta ann. Mar sin féin, i gcuraclam idirdhisciplíneach a bheadh ualaithe go cothrom chuirfí oiliúint ar dhamhsóirí chun an cumas a bheith acu oiriúnú go héasca do stíleanna córagrafacha éagsúla, le haghaidh post in Éirinn agus thar lear araon. Ní smaoineamh nua é sin; tá an oiliúint idirdhisciplíneach seo á cur ar fáil i roinnt cláir BA sa Damhsa (e.g. féach na cúrsaí ábhartha san Ostair, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe sa tábla thuas). Bheadh cuimsiú modúil sa chóiréagrafaíocht/cumadóireacht ina gné thábhachtach eile maidir le clár Éireannach BA sa Damhsa. Sholáthródh sé sin deiseanna luatha chun tallann chóragrafach amach anseo a chothú. Le cois na ranganna teicníce agus stóir, dhéanfadh mic léinn cúrsaí acadúla éagsúla (e.g. stair an damhsa, teoiric an damhsa), agus staidéar tacaíochta (e.g. cinéiseolaíocht, forbairt phearsanta) agus thabharfaidís faoi thionscadal tráchtais BA ina mbliain deiridh (d'fhéadfadh sé sin a bheith bunaithe ar thionscadal praiticiúil). Bheadh an cóimheas cleachtaidh is teoirice ionann le thart ar 85-90% cleachtadh agus 15-10% teoiric, ag brath ar bhliain an staidéir.

Agus modúil cúrsaí ar chlár BA á gceapadh, chuirfí an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (CEAC) san áireamh. Is é an CEAC an córas um chreidiúnú acadúil a mholtar ar fud na hEorpa agus tá glactha ag ollscoileanna na hÉireann leis. Dearadh é chun aitheantas foirmiúil a chumasú le haghaidh staidéar a d'fhéadfaí a aistriú ó institiúid amháin go hinstitiúid eile. Laistigh den chóras seo, is ionann creidmheas amháin agus 25-30 uair d'ionchur mac léinn (lena n-áirítear uaireanta teagmhála ranga agus measúnuithe), agus is ionann céim Bhaitsiléara trí bliana agus 180 CEAC ar a laghad. Ag cloí leis na riachtanais CEAC, taispeántar sampla táscach de staidéar bliana laistigh de churaclam Baitsiléir Damhsa sa tábla seo a leanas:

| Snáitheanna Ábhair | Comhpháirteanna Modúil | Seimeastar 1 | Seimeastar 2 | CEAC in aghaidh na bliana |
|---|---|---|---|---|
| 1. Teicníc damhsa agus cleachtadh taibhithe | Bailé<br>Damhsa Comhaimseartha | 10<br>10 | 10<br>10 | 40 |
| 2: Cleachtadh Cruthaitheach | Cóiréagrafaíocht | 2 | 3 | 5 |

[13] Marzin, *A professional dance curriculum for Ireland*, lch 6.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 3: Staidéar Comhthéacsúla | Staidéar Damhsa<br>Staidéar an Cheoil<br>Staidéar na hAmharclannaíochta | 1<br>1 | 1<br><br>1 | 5 |
| 4: Scileanna Gairmiúla | Cinéiseolaíocht<br>Cleachtadh Coirp<br>Clár Forbartha Pearsanta | 1<br>1<br><br>0.5 | 1<br>1<br><br>0.5 | 5 |
| 5: Modúil Roghnacha | Ceardlanna<br>Tionscadail<br>Tráchtas (3ú bliain) | | | 5 |
| Creidmheasanna CEAC Iomlána | | | | 60 |

Ábhar Modúl Táscach

| |
|---|
| Bailé: |
| D’áireofaí le ranganna seachtainiúla teicníce rang laethúil (x5), obair Pointe agus Stór (x3) (mná), Cóitseáil agus Stór (x3) (fir) agus Pas de Deux (x2). |
| Damhsa Comhaimseartha: |
| D’áireofaí le ranganna laethúla teicníce (x5) tús eolais maidir le teicnící éagsúla an damhsa chomhaimseartha agus an damhsa nua-aimseartha (d’fhéadfadh Graham, Cunningham, Limon agus cleachtas bunaithe ar fhuascailt a bheith iontu seo). Chomhlánófaí na ranganna teicníce sin le ranganna stóir chomhaimseartha agus páirtithe (x5). |
| Cleachtadh Taibhithe: |
| Dhéanfadh mic léinn réamhchleachtadh le haghaidh taibhithe scoile a stiúradh foireann inmheánach nó aoi-chóiréagrafaithe. |
| Cóiréagrafaíocht: |
| Dhéanfadh mic léinn staidéar ar chumadóireacht agus bheadh an deis acu cóiréagrafaíocht a dhéanamh ar shaothair tionscadail a thaibheodh a rang. |
| Staidéar Comhthéacsúil: |
| Sholáthrófaí comhthéacs saibhrithe, idirdhisciplíneach i raon cúrsaí amhail stair an damhsa, teoiric an damhsa agus modheolaíochtaí taibhithe le haghaidh na ranganna a bheadh bunaithe ar theicníc. |
| Scileanna Gairmiúla: |
| Thabharfaí cineálacha éagsúla cuir chuige isteach le ranganna cinéiseolaíochta maidir le staidéar ar ghluaiseacht an duine a bhaineann leis an damhsa (e.g. anatamaíocht, bithmheicnic, bainistíocht agus cosc gortuithe).<br>D’áireofaí ranganna nó seisiúin aonair i gcleachtaí cleachtaidh amhail Pilates, Teicníc Alexander agus Feldenkrais leis an gcleachtadh coirp.<br>D’áireofaí seisiúin maidir le forbairt ghairme amhail ullmhú le haghaidh trialacha, iarratais ar mhaoiniú a scríobh agus bainistíocht tionscadail le Clár Forbartha Pearsanta. |
| Modúil Roghnacha: |
| Bheadh an deis ag mic léinn staidéar a dhéanamh ar mhodúil roghnacha in ábhair a bhainfeadh lena staidéar agus ghlacfaidís páirt i gceardlanna le haoi-chleachtóirí. Ina mbliain deiridh, dhéanfadh mic léinn tionscadal staidéir neamhspleách ina gcomhcheanglófaí eolas praiticiúil agus teoiriciúil. |

## 2.6 Clár damhsa ghairmiúil a shuí laistigh de thimpeallacht ollscoile agus cumainn idirnáisiúnta le haghaidh dearbhú cáilíochta a fhorbairt

Cé go bhfuil Marzin i bhfabhar curaclam damhsa ghairmiúil a chuimsiú laistigh de chomhthéacs ardoideachais fhoirmiúil go ginearálta, mhol sé go bhféadfadh sé go dtiocfadh buairt chun cinn maidir le heaspa fhéideartha neamhspleáchais maidir le struchtúr agus ábhar cúrsaí agus go bhféadfaí scaradh

ó réimse gairmiúil an damhsa[14]. Tá samhail ann cheana, áfach, in oiliúint aisteoirí atá i bhfeidhm faoi láthair in Éirinn trína dtaispeántar nach gá go dtiocfadh an bhuairt sin chun cinn. Bunaíodh an Lir, Acadamh Náisiúnta Drámaíochta na hÉireann ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, in 2011 agus soláthraítear teimpléad féideartha sa chlár BA san aisteoireacht san institiúid sin le haghaidh forbairt clár BA sa Damhsa i gcomhthéacs an dóigh a bhfuil sé comhtháite sa chóras ardoideachais. Is mic léinn Choláiste na Tríonóide iad mic léinn Lir ach feidhmíonn an t-acadamh go neamhspleách maidir le forbairt, struchtúrú agus oibriú a chlár. Tá foirgneamh saincheaptha suite lasmuigh den champas chomh maith. Chomh maith lena naisc láidre le pobal na hamharclannaíochta gairmiúla, tá gaol foirmiúil ag an Lir leis an Royal Academy of Dramatic Art (RADA) i Londain. Forbraíodh an curaclam le haghaidh na céime aisteoireachta (agus céimeanna eile arna dtairiscint ag an Lir) i gcomhar le RADA lena chinntiú go gcomhlíonann an cúrsa an dea-chleachtas agus go bhfeidhmíonn sé ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde.

Faoi mar atá áitithe ag Brinson (1985), ag Leatherdale agus Todd (1998) agus ag Marzin (2003), ó tharla nach bhfuil traidisiún oiliúna foirmiúla dúchasaí in Éirinn tá sé ríthábhachtach go ndéantar caighdeáin ghairmiúla a thomhas i gcoinne caighdeán idirnáisiúnta. Toisc nach bhfuil comhlacht dearbhaithe cáilíochta tiomanta ar bith in Éirinn don damhsa, beidh sé tábhachtach idirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe seachtracha (thar lear) chun a chinntiú go gcloífear leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. I mí na Samhna 2012, bunaíodh Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (CCÉ) ar ordú ó Acht Oideachais agus Oiliúna rialtas na hÉireann (2012). Chónaisc an comhlacht nua seo ceithre chomhlacht dearbhaithe cáilíochta: Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC), Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC), Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) agus Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUQB). Beidh idirchaidreamh le CCÉ riachtanach chun straitéis rialaithe cáilíochta a fhorbairt d'oiliúint fhoirmiúil an damhsa in Éirinn. Ceal comhlacht dearbhaithe cáilíochta tiomanta don damhsa, áfach, chuideodh caidreamh le scoil mhór dhomhanda damhsa, bunaithe ar an teimpléad atá ag an Lir, le céimithe cúrsa damhsa ghairmiúil dul san iomaíocht le haghaidh poist sa mhargadh idirnáisiúnta. Bheadh sé an-tairbhiúil do chlár BA sa Damhsa in Éirinn, i cibé ollscoil a bhfuil sé bunaithe, leas a bhaint as caidreamh le heagraíocht chomhpháirtíochta nó comhlacht creidiúnaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta. D'fhéadfadh an Conservatoire for Dance and Drama sa Ríocht Aontaithe a bheith ina shampla de chaidreamh féideartha. Bunaíodh an eagraíocht seo in 2001 mar institiúid breisoideachais ainmnithe d'oiliúint ghairmiúil an damhsa agus na drámaíochta. Áirítear ar a scoileanna cleamhnaithe Central School of Ballet, London Contemporary Dance School, Rambert School of Ballet and Contemporary Dance agus Northern School of Contemporary Dance (áirítear air fosta scoileanna drámaíochta amhail Acadamh Ríoga na Drámaíochta [RADA], agus London Academy of Music and Dramatic Art).

## 2.7 Conclúid na caibidle

Mar atá léirithe sa réamhrá leis an gcaibidil seo, go traidisiúnta rinneadh neamairt in oideachas an damhsa in Éirinn laistigh de bhonneagar an oideachais fhoirmiúil, ar an leibhéal bunoideachais, ar an leibhéal meánoideachais agus ar an tríú leibhéal. I gcomhairliúchán le hoideoirí damhsa in Éirinn maidir leis an tuarascáil seo léiríodh mian láidir chun suí an damhsa mar shnáithe roghnach laistigh de churaclam an chorpoideachais a athbhunú ar an leibhéal bunoideachais agus an leibhéal meánoideachais (féach Aguisín 1, 2.5). Mothaíodh go dtéann an suí seo i gcion ar bhraistint an damhsa mar fhoirm ealaíne atá fiúntach go leor le haghaidh staidéar gairmiúil acadúil den leibhéal is airde agus is léir go bhfuil drochthoradh ag braistint dhiúltach den sórt sin ar fud na hearnála damhsa ar fad. Ba cheart an damhsa a shuí laistigh de churaclam an oideachais ealaíon mar ábhar scoite, mar atá an cás leis an gceol agus an drámaíocht mar shampla. Ba cheart tús áite a thabhairt do bhearta nithiúla i dtreo an athshuí seo.

[14] Marzin, lch 9.

Faoi láthair, caithfidh mic léinn damhsa atá ag tnúth le dul i mbun gairme mar dhamhsóir gairmiúil bailé nó damhsa chomhaimseartha an tír a fhágáil chun oiliúint a fháil ar an gcaighdeán a theastaíonn. Ó scoireadh de sparánachtaí na Comhairle Ealaíon maidir le gairmoiliúint thar lear, níor tugadh tacaíocht do na damhsóirí sin. Ní mór dul i ngleic leis an gcás seo ar bhonn práinneach. Maidir le forbairt oideachas an damhsa go dtí an leibhéal gairmiúil cuí in Éirinn, tá sé tábhachtach go bhfaighidh céimithe gairmchlár creidiúnú foirmiúil dá staidéar. Agus príomh-ghairmscoileanna damhsa sa Ríocht Aontaithe agus ar fud na hEorpa ag dul i dtreo glacadh le cláir céim BA, tugadh aghaidh ar an ngá atá ann do chreidiúnú foirmiúil gairmstaidéar damhsa, ag tabhairt deis do mhic léinn damhsa dul ar aghaidh go dtí an breisoideachas má gá. Bheadh sé an-tairbhiúil do mhic léinn damhsa in Éirinn chomh maith dá nglacfaí leis an tslí seo. Léirigh oideachasóirí damhsa le linn comhairliúcháin maidir leis an tuarascáil seo tacaíocht láidir don tsamhail seo (féach Aguisín 1, 2.2). Dá ndéanfaí clár BA sa Damhsa a bhunú ag Acadamh Náisiúnta Damhsa chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mac léinn ar mian leo oiliúint ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a fháil in Éirinn, bheadh sé riachtanach go rachadh institiúid dá leithéid i gcomhpháirtíocht le hollscoil. Mar an gcéanna, bheadh idirchaidreamh le hinstitiúid chomhpháirtíochta sheachtrach den scoth ríthábhachtach le haghaidh dearbhú cáilíochta agus le caighdeáin idirnáisiúnta a bhunú, a chothabháil agus a mheasúnú.

# CAIBIDIL 3: DEARCADH LUCHT FÉACHANA

## 3.1 Réamhrá na caibidle

Sa chaibidil seo pléitear an dóigh a mbíonn lucht féachana Éireannach bainteach leis an mbailé, trí fhreastal ar thaibhithe nó trí rannpháirtíocht i ranganna/ceardlanna etc. Déantar iarracht inti na leibhéil reatha rannpháirtíochta a thomhas agus déantar machnamh ar straitéisí agus gníomhaíochtaí féideartha a d'fhéadfadh na leibhéil sin a mhéadú.

Is í an rannpháirtíocht, cibé acu leis an lucht féachana nó rannpháirtithe gníomhacha, an raison d'être d'ealaíontóirí agus do chompántais. Dá réir sin, tá tiomantas maidir leis an dá shnáithe sin a fhorbairt ríthábhachtach maidir chun an bailé a chur ar aghaidh in Éirinn. Tá sé riachtanach feasacht agus tuiscint a bheith ann maidir leis na fadhbanna a chuireann bac ar na leibhéil rannpháirtíochta agus tá sé riachtanach chomh maith straitéisí a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin má tá bláth le teacht ar an bhfoirm ealaíne.

## 3.2 Foinsí sonraí maidir le lucht féachana

Tá bailiú agus anailís sonraí iontaofa ar cheann de na príomhghnéithe maidir le straitéisí éifeachtacha a chur i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt an lucht féachana. In Éirinn soláthraíonn gréasán forleathan d'ionaid phoiblí méid áirithe faisnéise i dtaca le sonraí lucht féachana, go háirithe an méid ticéad a dhíoltar. Thairis sin, tá méid agus cineál na sonraí atá ar fáil an-teoranta ar fad. De bharr nach bhfuil córas éifeachtach ann chun sonraí iontaofa a ghabháil ní féidir léargas iomlán a fháil. Dá réir sin, tá sé deacair tagarmharc beacht a bhunú lena bhféadfaí athruithe nó dul chun cinn ar bith a thomhas ina choinne. Ag tráth na tuarascála seo, is iad cáipéisí Lucht Féachana na nEalaíon na príomhfhoinsí sonraí: Arts Attendance in Ireland 2012 agus 2013. Baintear leas sna cáipéisí sin as sonraí sa suirbhé/taighde bliantúil um Innéacs Spriocghrúpa (TGI)[15.] Cé go bhfuil roinnt faisnéise faoin mbailé ann, tá scóip na hanailíse a bhaineann leis an gcleachtas dúchasach teoranta. Mar shampla, ní dhéantar idirdhealú sa suirbhé TGI idir freastal in Éirinn agus thar lear, agus dá bhrí sin baileofar roinnt anaithnid sonraí ó thaibhithe a rinneadh lasmuigh d'Éirinn. Ní dhéantar idirdhealú sa suirbhé TGI ach oiread idir taibhithe gairmiúla agus amaitéaracha. Ina ainneoin sin, soláthraítear sonraí sa cháipéis ónar féidir roinnt breathnuithe úsáideacha a dhéanamh. Mar shampla, sonraítear i dtuarascáil 2012 gur cheart staitisticí faoi fhreastal réigiúnach a léamh leis an eolas go bhfuil soláthar foirmeacha ealaíne éagsúil ar fud réigiún chomh maith; e.g. braithfidh freastal ar an mbailé i gCúige Chonnacht nó i gCúige Uladh ar an méid bailé atá á thairiscint sa réigiún sin mar aon le tosca eile. Cúis amháin a d'fhéadfadh a bheith leis sin ná gur cosúil go mbaineann an méid luaineachtaí bliantúla sa fhreastal leis an méid bailé atá á soláthar i.e. an líon taibhithe bailé a bhíonn an, seachas an t-éileamh air. Ag breathnú ar shonraí atá sealbhaithe ag an gComhairle Ealaíon, tá an chuma ann go raibh an cás in 2011/2012 neamhthipiciúil toisc nár thacaigh an Chomhairle Ealaíon leis an méid céanna taibhithe le linn na tréimhse sin agus a thacaíonn de ghnáth, de bharr brúnna airgeadais. I dtuarascáil 2013 léirítear méadú ar an bhfreastal, de bharr, gan amhras, go raibh níos mó taibhithe bailé ann ná an bhliain roimhe sin.

Ní chuimsítear gníomhaíocht rannpháirtíochta sa suirbhé TGI ach oiread. Chun an fhaisnéis sin a bhailiú chuathas i dteagmháil le cumainn teagaisc agus boird scrúduithe éagsúla ar fud na tíre. Toisc nach bhfuil cultúr comhroinnte sonraí ann cheana, áfach, bhí drogall ar roinnt cleachtóirí/múinteoirí/eagraíochtaí faisnéis faoina ngníomhaíochtaí a chomhroinnt agus taighde ar

---

[15] Ba chóir a thabhairt faoi deara gur earráid é an 'príomhthoradh' (Leathanach 5 de thuarascáil 2012) ina sonraítear go raibh freastal ar an mbailé thuas beagáinín in 2012 ar an mbliain roimhe. Tháinig laghdú beag ar an bhfreastal in 2012 i gcomparáid le figiúirí 2011 (féach Leathanach 8 den tuarascáil).

bun. Dá bharr sin, tá bearnaí suntasacha sna sonraí agus is bac é sin maidir le meastacháin iontaofa ar líon na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí bailé amhail ranganna agus ceardlanna a thiomsú.

Tarlaíonn sé go bhfuil sé deacair faisnéis a fháil ó fhoinsí eile e.g. bíonn drogall ar roinnt ionad agus compántas thar lear faisnéis a chomhroinnt de bharr íogaireachtaí tráchtála. Ní bhaineann an fhaisnéis atá coinnithe ag an gComhairle Ealaíon ach leis na cliaint dá dtugann siad maoiniú. Dá bhrí sin, i bhfianaise na faisnéise teoranta atá ar fáil ó ionaid, ó chompántais ar cuairt agus ón gComhairle Ealaíon, ní féidir bunús níos cruinne a thabhairt maidir leis na leibhéil freastail ag taibhithe arna léiriú sna sonraí TGI.

## 3.3 Breathnuithe sonraí maidir le lucht féachana

Cé go bhfuil an léargas foriomlán maidir le rannpháirtíocht an lucht féachana ábhairín neamhchríochnaithe, tá roinnt breathnuithe agus treochtaí ann a fhéadaimid a eachtarshuí ón tuarascáil *Arts Attendances in Ireland 2012*. Is féidir na breathnuithe sin a roinnt ina gceithre phríomhghné agus tacaíonn an méid a dúirt cuid de na cleachtóirí sin a ghlac páirt i gcruinniú comhairliúcháin na Comhairle Ealaíon a tionóladh i mí Mheán Fómhair 2013 leis sin (féach aguisín 1):

- *Níl lucht féachana an bhailé ag fás.* Tháinig laghdú ar an lucht féachana in 2012 ó 2011 agus níor tháinig méadú ar na leibhéil ach ábhairín os cionn leibhéil 2011 in 2013. Go ginearálta, tá an chuma ar an scéal nach bhfuil daoine ag freastal chomh minic céanna gach bliain. Mar a luadh roimhe seo d'fhéadfadh sé gurb é infhaighteacht agus minicíocht na dtaibhithe agus na gcamchuairteanna ag compántais Éireannacha agus compántais ar cuairt is cúis leis seo.

- *Níl próifíl/déimeagrafaic lucht féachana an bhailé iléagsúil.* Is iad mná agus cailíní formhór lucht féachana an bhailé in Éirinn (2012 = 71%; 2013 = 78%). In 2012 tarraingíodh 50% den lucht féachana ón srathú sóisialta ABC1, ag méadú go 60% in 2013. Tá 40% ar an meán den lucht féachana don bhailé os cionn 55 bliain d'aois ar an meán. Bhí luaineachtaí ar bith sa phatrún seo le blianta beaga anuas measartha beag.

- *Tá treochtaí na n-athruithe geografacha maidir le lucht féachana an bhailé ar fud na hÉireann mar an gcéanna le treochtaí na bhfoirmeacha ealaíne ar fad.* Agus spleách níos lú ar lucht féachana Bhaile Átha Cliath ná an ceol clasaiceach, an damhsa comhaimseartha nó an cheoldrámaíocht, dealraíonn sé go bhfuil lucht féachana an bhailé scaipthe go measartha maith ar fud na tíre agus go bhfuil an oiread céanna daoine ag freastal ar an mbailé agus atá ag freastal ar fhoirmeacha ealaíne eile.

- *Tá acmhainneacht fáis ann.* I gcoinne cúlra déine airgeadais agus margadh caitheamh aimseartha ard-iomaíoch, beidh ar chompántais a bheith tiomanta do straitéisí chun leibhéil reatha freastail a choinneáil agus chun lucht féachana nua a fhorbairt. Cé go bhféadfadh an fhéidearthacht go méadófaí díolacháin ticéad a bheith éagsúil idir compántais, ionaid agus cláir, tugann an deis sciar níos mó den mhargadh a bhaint amach deis don earnáil ina hiomláine.

## 3.4 Breathnuithe maidir le rannpháirtíocht

Mar a luadh níos luaithe, níorbh fhéidir leibhéil rannpháirtíochta a shainaithint go beacht. Mar sin féin, ón bhfaisnéis a bailíodh le linn an phróisis chomhairliúcháin réamhluaite agus trí fhiosruithe díreacha neamhfhoirmiúla le comhlachtaí creidiúnaithe bailé, is féidir teacht ar roinnt conclúidí:

- *Tá laghdú tagtha ar an mbailé mar ghníomhaíocht caitheamh aimsire do pháistí.* Tuairiscíonn scoileanna bailé, go sonrach i mBaile Átha Cliath agus ina bhailte

comaitéireachta, laghdú ar líon na mac léinn, go háirithe i measc an aoisghrúpa níos óige. D'fhéadfaí a rá go pointe gur luaineachtaí sa ráta breithe agus san imirce is cúis leis sin, ach tá an chuma ar an scéal go raibh tionchar ag na brúnna airgeadais atá os comhair teaghlach air fosta. Go minic bíonn drogall ar thuismitheoirí atá ábalta a bpáistí a chur chuig ranganna na costais bhreise a bhaineann le scrúduithe agus taibhithe a íoc. Le cúig bliana anuas tá laghdú os cionn 20% tagtha ar líon na n-iontrálacha i scrúdú an Acadaimh Ríoga Damhsa in Éirinn. Tá leibhéil chomhchosúla den laghdú tuairiscithe ag an International Dance Teacher Association. Ní in Éirinn amháin atá na fadhbanna sin. Tuairiscítear laghduithe comhchosúla ar líon na mac léinn agus na leibhéal rannpháirtíochta i bhformhór na dtíortha Eorpacha eile chomh maith.

- *Tá an rannpháirtíocht ar leibhéal gairmoideachais fós seasmhach.* Cé gur laghdaigh leibhéil na rannpháirtíochta i measc an aoisghrúpa níos óige, níor tharla sé sin i measc cohórt níos sine ag leibhéil an ardoideachais/ghairmoideachais. Ó tharla gur thosaigh líon níos lú páistí óga a gcuid oiliúna beidh le feiceáil an gcoinneofar an treocht reatha ar na leibhéil ardoideachais.

- *Tá tiomantas na gcleachtóirí fós láidir.* Gan amhras tá am crua ag scoileanna bailé agus méadú ag teacht ar chostais agus laghdú ag teacht ar an ioncam. Mar thoradh air sin, áfach, tá comhoibriú níos fearr idir scoileanna agus níl comhartha ar bith ann go bhfuil laghdú tagtha ar thiomantas an múinteoirí. Go deimhin, tá siad ag freastal ar níos mó cúrsaí oiliúna, rud a thaispeánann gur mian leo a scileanna agus a n-eolas a thabhairt chun dáta.

## 3.5 Straitéisí chun lucht féachana a chothú agus a fhorbairt.

Laistigh den chomhthéacs atá léirithe thuas ba cheart sraith straitéisí a ghlacadh:

### *3.5.1 Taighde*

Tá sé riachtanach go bhfuil sonraí cainníochtúla agus comparáideacha ann ní amháin chun straitéisí éifeachtacha a chumadh ach chun a n-éifeachtúlacht i ndiaidh a nglactha a dhearbhú chomh maith. Ní mór d'eagraíochtaí bailé líon tagarmharcanna a leagan amach trínar féidir monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Níos luaithe sa chaibidil seo, luadh na deacrachtaí a bhaineann le faisnéis chruinn chuimsitheach a bhailiú, a bhaineann go sonrach leis an bhfoirm ealaíne, go háirithe i dtaca leis na figiúirí iomlána freastail iarbhír ag taibhithe bailé agus cion na suíochán a díoladh i gcoinne a n-acmhainne.

Mar gheall air sin, bheadh sé tairbhiúil do chompántais fiontraíochta a dtaighde féin a dhéanamh chun tuilleadh eolais a fháil faoi phróifíl agus faoi dhéimeagrafaic a lucht féachana. Bunaithe ar shonraí reatha i dtaca le hinscne, aicme agus aois na ndaoine a fhreastalaíonn ar sheónna bailé (féach pointe 3.2.1), bheadh sé réasúnta a chreidiúint go dtiocfadh méadú breisíoch ar líon na ndaoine a fhreastalóidh ar thaibhithe beo ar bhonn náisiúnta dá mbeadh éagsúlacht níos leithne lucht féachana ann. Mar sin féin, is trí thaighde leanúnach amháin a bheidh sé soiléir cibé an bhfuil an lucht féachana ag éirí níos éagsúla nó nach bhfuil. Chun é sin a dhéanamh teastaíonn modheolaíocht láidir agus cur chuige straitéiseach.

### *3.5.2 Scileanna*

Teastaíonn cleachtóirí oirbheartacha eolacha chun próisis taighde a struchtúrú agus a anailísiú chomh maith le straitéisí rathúla a cheapadh agus a chur i bhfeidhm. Braitear an iomarca sa bhailé, agus sa chuid is mó de na foirmeacha ealaíne mar dhea, ar ionaid agus ar láithreoirí/thionscnóirí chun an pearsanra a chur ar fáil le straitéis chuimsitheach cumarsáide a chlúdaíonn margaíocht, preas agus caidreamh poiblí, a thabhairt chun críche. Ní scaoileann sé sin compántais óna gcuid freagrachtaí áfach; an ceanglas atá orthu a gcuid aidhmeanna agus cuspóirí a chur in iúl agus an bealach a

mbeartaíonn siad déanamh amhlaidh mar chuid de straitéis fhoriomlán. Ní mór do chompántais dóthain acmhainní a infheistiú lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus an cumas riachtanach acu chun a straitéisí roghnaithe a chur i bhfeidhm agus a bheith páirteach go gníomhach i bhforbairt lucht féachana.

### *3.5.3 Comhpháirtíochtaí*

Baineann an pointe thuas le scileanna agus leagtar béim ar thairbhe na comhpháirtíochta. Fearacht go leor foirmeacha ealaíne, beidh tairbhí ann d'ionaid agus do chompántais araon má thuigtear agus má chuirtear straitéisí in iúl agus má cheaptar feachtais ar shlí na comhpháirtíochta. Tugann cur chuige comhtháite deis do gach duine leas a bhaint as láidreachtaí a chéile, i.e. eolas na n-aonad ar a lucht féachana agus eolas na gcompántas ar an saothar atá le léiriú. D'fhéadfadh foirmeacha éagsúla a bheith i gceist leis an gcomhpháirtíocht, bíodh sé le heagraíochtaí na meán, trasna na bhfoirmeacha ealaíne, agus/nó le gníomhaireachtaí agus speisialtóirí. Ba chóir cloí le prionsabail na muiníne agus comhthuiscint ionchais i ngach cás. Is deacair d'eagraíocht ealaíon na scileanna agus an t-eolas riachtanach inmheánach a bheith aici chun straitéis chuimsitheach cumarsáide a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an chomhpháirtíocht a bheith ina cuidiú le bearnaí na scileanna a líonadh, le cruthaitheacht a spreagadh agus le torthaí níos fearr a bhaint amach ná mar a bhainfí amach ag obair astu féin.

### *3.5.4 Brandáil*

Is soiléir agus is comhsheasmhach do bhrandáil rathúil agus idirdhealaíonn sé compántas sa mhargadh iomaíoch a bhíonn plódaithe go minic. Is iad na cinntí maidir le dearadh, grianghrafadóireacht, cóipscríbhneoireacht agus formáidí éagsúla meán na príomhghnéithe agus cuireann siad bonn eolais faoi phrionta agus faoi fhógraíocht compántais agus faoina úsáid as teicneolaíocht dhigiteach, na meáin shóisialta, etc. Is ríthábhachtach freisin cáilíocht na hamharcláithreoireachta chun tréaníomhá bhranda a chruthú. Is dual do dhamhsa mar fhoirm ealaíne tréaníomhánna grianghrafadóireachta a chur ar fáil ach faraor is minic a chailltear an deis toisc go mbíonn droch-ghrianghraif ina dtoradh ar easpa infheistíochta.

Níor chóir a thábhachtaí atá brandáil láidir a mheas faoina luach, go háirithe i dtaca le compántais a bhfuil rún acu an fhoirm ealaíne a fhorbairt, rud lena mbaineann méid áirithe riosca ar ndóigh. Más rud é, de bharr brandáil éifeachtach, gur féidir muinín agus dílseacht an lucht féachana a neartú, is lú seans go dtitfidh an lucht féachana nuair a théann compántas san fhiontar ó thaobh na healaíne de. Féadann brandáil láidir cur le neart compántais chomh maith taobh amuigh dá feidhm mhargaíochta agus a bheith ina toisc thionchair go sóisialta agus go polaitiúil. Rachaidh brandáil dhearfach a chuireann muinín chun cinn agus a thugann léargas ar phearsantacht agus ar uaillmhian compántais, i gcion ar urraitheoirí agus ar dheontóirí féideartha freisin.

### *3.5.5 Cláreagrú*

Is dócha nár athraigh lucht féachana an bhailé in Éirinn mórán de thoradh cláreagrú réasúnta coimeádach agus traidisiúnta ionad agus compántas. Tugann an chuid is mó de na compántais ar cuairt sárshaothair thraidisiúnta lánfhada go hÉirinn agus roghnaíonn compántais Éireannacha teidil agus saothair choitianta de ghnáth. Treisíonn an easpa éagsúlachta sin i gcúrsaí cláreagraithe an *status quo* ar ndóigh agus eascraíonn dearcadh coimeádach as sin.

Is dúshlánach, spreagúil agus sásúil do chompántais é tuiscint a fháil ar éifeachtaí féideartha cláir níos éagsúla agus lucht féachana féideartha nua a aithint agus a aimsiú. Ba chóir go dtarlódh aon aistrithe nó athruithe ar ábhar cláir i gcomhthéacs straitéis cumarsáide fhoriomlán lena gcuimsítear taighde, forbairt scileanna, cumas eagrúcháin, comhpháirtíochtaí agus brandáil. Ba chóir comhordú níos fearr ar 'thairiscint' an bhailé d'ionaid a áireamh sa chur chuige sin freisin. Ní dhéanann coimhlintí stóir agus cláir athchleachtacha a dhath ar bith ach an bonn a bhaint ón aidhm chun níos mó roghanna a thabhairt don lucht féachana agus chun lucht féachana níos éagsúla a aimsiú. Lámh chúnta a bheadh i

léiriú compántas idirnáisiúnta ardchaighdeáin ar shaothar nach bhfacthas roimhe in Éirinn chun na críche sin[16].

D'fhéadfadh cur chuige comhordaithe i measc chleachtóirí agus ionaid na hÉireann a bheith ina bhunús le hathrú mór ar dhearcadh an lucht féachana agus ar bhraistint an phobail. Rachadh feasacht agus léirthuiscint níos mó d'fhíormhéid agus d'fhíorchruthaitheacht na foirme ealaíne chun tairbhe don earnáil agus do shaol cultúrtha na hÉireann i gcoitinne. Cé go mbeidh áit (agus lucht féachana) do shárshaothair thraidisiúnta lánfhada i sceidil na n-ionad agus na gcompántas i gcónaí, is ríthábhachtach aitheantas iomlán a thabhairt sa chláreagrú do bheocht, do raon agus d'ábharthacht an bhailé má tá an fhoirm ealaíne le forbairt agus lucht féachana nua éagsúil a aimsiú.

### *3.5.6 Braistintí seachtracha*

Má tá dóthain foinn, méine, diongbháilteachta agus comhthola san earnáil bhailé chun athbheochan a chur fúithi féin in Éirinn, beidh níos mó tacaíocht chultúrtha, shóisialta agus pholaitiúil de dhíth ar an iarracht seo. Tá an-tionchar ag craoltóirí agus ag clúdach na meán ar fheicseanacht an bhailé agus ar an tuairim atá ag an bpobal ina leith. Is tábhachtach agus is éifeachtach an dóigh a gcuirtear bailé i láthair sna meáin. Teastaíonn tacadóirí glinne ón bhfoirm ealaíne atá in ann labhairt go húdarásach ar son na hearnála. Is mó seans go mbeidh rath ar chompántais aonair má bhíonn tuiscint agus luacháil níos mó ar an bhfoirm ealaíne agus má dhéantar í a chur chun cinn. Tá an earnáil bhailé in Éirinn sách beag agus, mar sin de, is tábhachtach go mbíonn guth comhaontaithe aici i gcur chun cinn an bhailé mar fhoirm ealaíne. Más féidir leis an earnáil in Éirinn cur chuige comhordaithe a fhorbairt chun oibriú le chéile, is dóchúil go mbeidh an cumas aici tosca féideartha seachtracha (iomaíocha) agus braistintí diúltacha a sheasamh. Teastaíonn am, buanseasmhacht agus teachtaireacht chomhsheasmhach áititheach chun athrú dearcaidh a bhaint amach.

### *3.5.7 Gníomhaíochtaí rannpháirtíochta*

Dhírigh gníomhaíochtaí rannpháirtíochta ar pháistí agus ar an aos óg riamh anuas, ach tá méadú suntasach tagtha le déanaí ar spéis daoine fásta freisin. Éilíonn bailé mar fhoirm ealaíne cruthaitheacht, ceolmhaireacht, corpacmhainn, comhordú, obair bhuíne agus tiomantas. Spreagann an rannpháirtíocht folláine fhisiciúil agus intinne agus cuireann sí deiseanna agus dúshláin eispriseacha agus léiritheacha ar fáil. Baineann fiúntas leis na scileanna agus na tréithe sin taobh amuigh den bhailé agus, fearacht go leor foirmeacha ealaíne eile, is eol go dtéann gníomhaíocht rannpháirtíochta i bhfeidhm go dearfach ar dhaoine.

Reáchtáiltear formhór na ranganna bailé agus oiliúint tosaigh na mac léinn i scoileanna bailé príobháideacha. Cé nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi shainchúram na Comhairle Ealaíon, níl dabht ar bith fá dtaobh de ach go gcuireann na scoileanna sin go mór leis an bhfoirm ealaíne in Éirinn. Baineann tábhacht le soláthar deiseanna rannpháirtíochta d'fhorbairt an bhailé in Éirinn, bíodh sé trí scoileanna bailé príobháideacha, ionaid oideachais nó tionscadail for-rochtana arna gcur ar fáil ag compántais taibhithe ghairmiúla.

Féadann damhsóirí gairmiúla a bheith ina n-eiseamláirí; is minic a spreagann agus a choipeann siad páistí agus an t-aos óg le díocas. Ba chóir daoine a spreagadh chun freastal ar thaibhithe chun é seo a fheabhsú agus chun feasacht ar raon na foirme ealaíne a mhéadú. Tá gá le meascán de chineálacha cur chuige ábhartha faoina choinne, mar shampla, athrú dearcaidh i measc múinteoirí agus tuismitheoirí i dtreo tuiscint níos cuimsithí ar an mbailé; ticéid lamhháltais á gcur ar fáil ag ionaid/compántais ar mhaithe le rochtain níos fearr; agus níos mó obair for-rochtana i measc na gcompántas atá bunaithe ar raon níos leithne de thionchar stóir agus cóiréagrafaíochta.

[16] Is cosúil go bhfuil lucht féachana na hÉireann den tuairim go bhfuil na compántais 'Rúiseacha' ar ardchaighdeán ach ní hionann an scéal sin i gcónaí. Bheadh sé iontach dá rachfaí i ngleic leis an míthuiscint sin le himeacht aimsire ach compántais idirnáisiúnta níos éagsúla a chur i láthair.

## 3.6 Conclúid na caibidle

Cé gur deacair na sonraí teoranta atá ar fáil faoi láthair a léirmhíniú, is dealraitheach go bhfuil cosúlacht idir na breathnuithe a fuarthas ó fhigiúirí freastail agus an laghdú ar líon na ndaoine atá páirteach go gníomhach i mbailé. Sa dá réimse rannpháirtíochta, is dócha gur mar gheall ar thosca seachtracha seachas easpa spéise nó méine i measc lucht féachana nó rannpháirtithe féideartha go bhfuil laghdú ar bith le feiceáil. Is dócha go raibh ísliú ar an líon lucht féachana in 2011/12 de bharr níos lú taibhithe ná an bhliain roimhe sin. Tugtar tacaíocht don tuairim sin de thairbhe méadú ar an bhfreastal in 2012/13 lenar bhain níos mó taibhithe. I gcás an oiread rannpháirtíochta, is dócha go bhfuil an laghdú ann mar gheall ar na mórbhrúnna airgeadais atá ar an tír (agus ar chuid mhór den Eoraip).

Agus an chuma ar an scéal nach bhfuil aon easpa méine maidir le rannpháirtíocht i mbailé, ní mór don earnáil ina hiomláine oibriú lena chéile chun aon mheath a stopadh. Caithfidh sí straitéisí a chur i bhfeidhm chun lucht féachana/rannpháirtíocht ag taibhithe agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta a chothú agus a fhorbairt. Cuirfear an fhoirm ealaíne i gcontúirt mura ndéanfar amhlaidh agus caillfear an deis chun leas a bhaint as an gcumas leis an mbailé a fhorbairt in Éirinn.

Má tá na braistintí i dtaobh an bhailé le hathrú agus má tá níos mó rannpháirtíochta le baint amach, ní mór do chompántais agus d'ionaid cur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith clár níos leithne a chur i láthair lena gcuimsítear raon iomlán na foirme ealaíne. Ina theannta sin, ba chóir go dtacófaí leis seo le taighde ar an lucht féachana agus bailiúchán córasach sonraí, infheistíocht i bhforbairt scileanna, comhpháirtíochtaí níos comhoibrithí agus straitéisí cumarsáide a neartaíonn brandáil an chompántais, a mhéadaíonn feasacht an phobail agus a chruthaíonn próifíl níos airde don fhoirm ealaíne ina hiomláine.

# CAIBIDIL 4: CLEACHTAS GAIRMIÚIL

## 4.1 Réamhrá na Caibidle

Sa chaibidil seo, breathnaítear ar cad is dea-chleachtas gairmiúil sa bhailé ann agus déantar plé inti ar an dóigh a bhféadfadh na breathnuithe sin roghanna féideartha oiriúnacha a chur ar fáil chun an fhoirm ealaíne a fhorbairt in Éirinn. Ní ann d'aon sainmhíniú amháin ar an dea-chleachtas ar ndóigh, ach baineann roinnt de na tosca céanna le compántais áirithe: fadsaolaí, obair ar son fhorbairt na foirme ealaíne agus stóinseacht riaracháin, bainistíochta agus airgeadais. Compántais rathúla a eascraíonn as na tréithe sin i dteannta a chéile. Bíonn na compántais sin thuas seal thíos seal ar ndóigh de bharr roinnt mhaith tosca, idir inmheánach agus sheachtrach, ach bíonn siad ábalta rath agus fadsaolaí a bhaint amach ach a bheith in ann teacht as an abar.
Sula ndéantar measúnú ar na comhthosca sin agus iarracht an dea-chleachtas a shainmhíniú i gcomhthéacs idirnáisiúnta, ba chóir a mheabhrú go bhfuil na breathnuithe agus na conclúidí seo bunaithe ar chompántais lánghairmiúla. Mar sin féin, i gcás daoine aonair, féadfaidh an úsáid as an bhfocal 'gairmiúil' cur síos a dhéanamh ar iompraíocht agus ar dhearcthaí seachas an cumas slí bheatha a shaothrú mar dhamhsóir. Sa tuarascáil seo, tagraíonn an téarma 'compántas gairmiúil' d'eagraíochtaí ina bhfuil an bunús mór de dhamhsóirí an chompántais lánoilte agus ag fáil pá as a gcuid oibre. Tairgeann roinnt compántas scéimeanna/deiseanna printíseachta do mhic léinn, ach chun críocha an rannáin seo den tuarascáil, sainmhínítear compántais mar a luaitear thuas.

## 4.2 Comhthosca

Is é an comhthoisc phríomhúil a ghabhann leis na compántais rathúla ná sláine ealaíne mar a léirítear i sceidil taibhithe.
Tá an toisc sin chomh tábhachtach sin go gcaitear súil níos géire air níos faide anonn sa chaibidil seo (féach rannán 4.3).

Taobh amuigh de na gnéithe ealaíne, is gnách go mbíonn na tréithe seo a leanas ag compántais rathúla ar fud an domhain fosta:

- *Tréanbhord rialaithe agus tréancheannaireacht*, a leagann amach agus a choimeádann fís, aidhmeanna agus luachanna an chompántais. Cuireann sé seo bonn eolais faoin treo ealaíne agus faoi na struchtúir tacaíochta is gá chun na hiarrachtaí ealaíne a thabhairt chun críche agus chun freastal ar riachtanais reachtúla dlí agus airgeadais. Tá boird rialaithe freagrach as fadsaolaí an chompántais trí phleanáil chomharbais do phoist thábhachtacha san eagraíocht agus trí shainchomhairle agus treoir straitéiseach a thabhairt nuair is gá agus nuair is cuí.

- *Tiomantas do luachanna cur i láthair agus cáilíochtaí léiriúcháin ardchaighdeáin* ina gcuid léirithe. Is gnách go mbíonn oibriú le dearthóirí cumasacha seit, cultacha agus soilsithe i gceist leis seo mar aon le fáil ar fhoirne oilte teicniúla agus feistis.

- *Samhail oibriúcháin atá stóinsithe ó thaobh airgeadais de* lena n-áirítear méid cinnteachta maidir le leibhéil ioncaim agus chaiteachais. Beidh suimeanna difriúla ann i dtaca le ranna ioncaim ó rialtas áitiúil, ó rialtas réigiúnach nó ó rialtas náisiúnta, ó dhíol ticéad, ó urraíocht, ó thabhartais, ó ranníocaíochtaí daonchairdiúla nó ó ghníomhaíochtaí tráchtála ag brath ar an gcineál compántais agus ar an tír chónaithe. Tá cumas acu uile pleanáil chun tosaigh, áfach, ar bhonn ioncam iontaofa agus réamh-mheastacháin chaiteachais. Mar chuid den tsamhail seo, cuireann mórán compántas go leor acmhainní i dtiomsú airgid chun an spleáchas (agus na rioscaí) ar mhaoiniú stáit a laghdú.

- Éilíonn *straitéis chuimsitheach cumarsáide* ar chompántais cinntí eolasacha a dhéanamh i ndáil le brandáil, praghsáil, seirbhís do chustaiméirí, na meáin shóisialta, teagmháil leis an bpobal, etc. Déanann compántais rathúla cumarsáid éifeachtach chun tréanphróifíl phoiblí a chinntiú agus oibríonn siad go crua i gcónaí le tacaíocht áirithe a fháil ó thaobhaithe agus ó thacadóirí polaitíochta. Déantar forbairt ar stíleanna agus ar mhodhanna cuí cumarsáide d'fhonn spriocphobal a aimsiú agus a inspreagadh.

- *Réimse comhpháirtíochtaí* a fhaightear de ghnáth ó ionaid, ó thionscnóirí, ó ceolfhoirne, ó eagraíochtaí na meán, ó chompántais damhsa eile (tá méadú ag teacht ar líon na gcomhléirithe) agus ó urraitheoirí. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil an dúrud tíortha agus compántas ag dul i ngleic le deacrachtaí airgeadais, is samhail chomhthairbhiúil oibriúcháin iad comhpháirtíochtaí a laghdaíonn riosca agus neamhchosaint airgeadais.

- *Bunáit bhaile ina bhfuil stiúideonna* chun na hacmhainní fisiciúla a sholáthar a theastaíonn chun saothar a chruthú agus a chleachtadh.

- *Cumas chun athruithe a láimhseáil* le fadsaolaí, leanúnachas agus marthanas a chinntiú. Tá compántais rathúla in ann na hathruithe a chuireann siad ar cois go hinmheánach a láimhseáil agus déileáil le hathruithe seachtracha. Tig leo deiseanna seachtracha a thapú leis. Is minic a thagann dea-thorthaí as athruithe agus is comhartha ar aibíocht agus ar neart é an cumas glacadh le hathruithe agus freagairt go dearfach.

- *Dearcadh agus ionchas réalaíoch ar cad is féidir a bhaint amach*, ar an ardán agus ar shiúl ón ardán araon, laistigh de theorainneacha acmhainní agus ama. Cé go bhfuil uaillmhian den riachtanas, is eol do chompántais rathúla na hacmhainní a theastaíonn chun an uaillmhian sin a bhaint amach. Léiríonn siad freisin go bhfuil tuiscint réalaíoch acu ar an bhfráma ama agus ar an dóchúlacht go n-éireoidh leo. Ina dhiaidh sin uile, tá siad ábalta feidhm a bhaint as na pleananna agus na straitéisí chun a gcuid uaillmhianta a bhaint amach. Is eol dóibh freisin go mb'fhéidir go mbeidh orthu a gcuid pleananna agus uaillmhianta a mhionathrú de réir mar a théann siad ar aghaidh. Tagann ceist an amhrais aníos dá bharr sin agus an oiread a ghlacfar leis. Is iondúil go bhfuil compántais rathúla in ann breithiúnas tuisceanach críonna a dhéanamh ar na nithe sin.

Mar a luaitear i réamhrá an rannáin seo, bíonn compántais thuas seal thíos seal agus ní dócha go bhféadfadh aon chompántas gach tréith a liostaítear thuas a léiriú i gcónaí. Is iomaí athróg a mbíonn tionchar aici ar éifeachtacht na gcompántas, ach léiríonn compántais rathúla a ghnóthaigh cuid mhór ó thaobh na healaíne de cuid mhór de na tréithe sin de ghnáth. Is fiú a chur san áireamh go bhfuil feidhm ag na tréithe agus na breathnuithe sin le compántais beag beann ar mhéid.

Níl gníomhaíochtaí oideachais agus pobail san áireamh sa liosta sin toisc nach bhfuiltear ar aon tuairim maidir leis an ionchas agus leis an bhfonn chun tabhairt faoin obair seo ná leis an luach atá uirthi. Bítear ag súil leis na cineálacha sin gníomhaíochta ó chompántais i gcorrthír ar son maoiniú áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, ach ní hamhlaidh an scéal i gcónaí. Bíonn torthaí éagsúla i gceist freisin maidir leis an méid a chomhcheanglaítear an obair sin le gnáthobair an chompántais.

Cinneann corrchompántas obair a dhéanamh ar son an oideachais agus an phobail mar chuid dá straitéisí forbartha lucht féachana, i.e. mar aguisín le gníomhaíochtaí margaíochta. Is léiriú é seo ar an raon de chineálacha cuir chuige agus ar an oiread rannpháirtíochta (féach Caibidil 3).

Níl trácht sa liosta ach oiread ar an nasc atá ag go leor compántas le hionaid gairmoiliúna. Tá comhchaidreamh foirmiúil ag mórán compántais mhóra le scoil, ach i mbeagnach gach cás is eagraíochtaí ar leithligh iad seo nach dtagann go díreach faoi shainchúram na gcompántas. I bhformhór na gcásanna, tugtar tacaíocht do na scoileanna trí bhíthin struchtúir oideachais agus maoiniú gaolmhar. Tá compántais ann nach bhfuil nasc foirmiúil (ná fiú neamhfhoirmiúil) ar bith acu

le scoil. Mar sin féin, éiríonn go geal leo sárdhamhsóirí a earcú agus tá cuid mhór de na tréithe a liostaítear thuas acu. Tá tairbhí le baint ag compántais agus ag ionaid oiliúna araon as a bheith ar ‘radar’ a chéile: caithfidh ionaid oiliúna obair a fháil dá gcuid céimithe agus is mian leis na compántais scoth na gcéimithe a earcú, is cuma cén áit ar oileadh iad. Ar ndóigh, is buntáiste maith é caidreamh ar leith a bheith agat le scoil, go háirithe nuair atá saintréithe stíle agus stóir ag compántas. Mar sin féin, i gcás céimithe, aonréadaithe nó príomhaithe, déanfaidh gach compántas a sheacht ndícheall an damhsóir is fearr a earcú. Margadh iomaíoch atá ann agus má bhíonn an rogha acu, piocfaidh damhsóirí compántas i gcónaí a thugann deiseanna i gcomhthéacs stór suimiúil dúshlánach – go háirithe má bhíonn an deis ann oibriú le cóiréagrafaí measúil ar shaothar úr.

## 4.3 Breithnithe agus pleanáil ealaíonta

Ardaíonn sláine ealaíne, go háirithe nuair a bhaineann sí le pleanáil agus cláreagrú, ceisteanna casta nach réitíonn le sainmhínithe foirmleacha. Is ann do roinnt réimsí, áfach, ina bhfuil compántais rathúla bailé ag glacadh le cur chuige comhsheasmhach. Is fiú na prionsabail seo a dhealraíonn a bheith uileghabhálach a lua:

- Tiomantas don chruthaitheacht agus an fhoirm ealaíne a chur ar aghaidh;
- Clár ‘cothromaithe’ a chur le chéile; agus
- Cláreagrú samhlaíoch a chuireann breithnithe praiticiúla san áireamh.

### *4.3.1 Tiomantas don chruthaitheacht agus don fhoirm ealaíne a chur ar aghaidh*

Mar gheall ar stair an bhailé chlasaicigh agus ar a thábhachtaí a bhí ‘sárshaothair’ lánfhada dá fhorbairt agus dá éileamh, ní ábhar iontais é go mbraitheann tromlach na gcompántas ar léiriú na saothar traidisiúnta iomráiteach sin a bheag nó a mhór. Braitheann anrud compántas ar fud an domhain ar shraith bhliantúil léirithe ar *The Nutcracker* um Nollaig chun a n-ioncam airgeadais a neartú. Is iad na sárshaothair sin céadteagmháil mórán daoine leis an bhfoirm ealaíne. Maidir le cuid mhór damhsóirí, is iad na sár-róil sin an tagarmharc a ndéantar a gceardúlacht agus a dteicníc a thomhas ina aghaidh. Níl amhras ar bith faoin mian agus faoin ngá atá ann na sárshaothair luachmhara sin a chaomhnú ach is tearc iad na saothair sin i ndomhan an bhailé[17] i gcomparáid le foirmeacha ealaíne léirithe eile, e.g. ceol, drámaíocht agus ceoldrámaíocht. Toisc nach bhfuil an oiread sin sárshaothar ann, caithfidh compántais a bheith cúramach gan na sárshaothair sin a chur i láthair rómhinic mar go n-éireoidh an lucht féachana tuirseach díobh agus nach ndéanfaidh siad freastal orthu. Ba cheart a mheabhrú freisin, go háirithe ar camchuairt, go bhfuil seans maith ann go gcuirfidh compántais eile na sárshaothair sin i láthair agus go mbeidh an margadh breactha leis an stór céanna dá bharr.  Mar sin féin, baineann *The Nutcracker* go dlúth leis an Nollaig. Dá bhrí sin, is féidir leis an iomad compántas ar fud an domhain taibhithe bliantúla rialta um Nollaig a chosaint.

Baineann compántais rathúla sochar críonna straitéiseach as na sárshaothair, ach tuigeann siad freisin a chontúirtí atá sé brath an iomarca ar dhornán oibreacha. Is é an t-aon mhian atá acu gan a bheith ina gcoimeádaithe ar shaothair stairiúla. Tuigeann siad gur gá an bailé a chur chun cinn ach saothair úra a choimisiúnú nó saothair a fháil ó chóiréagrafaithe ceannródaíocha. Ní amháin go n-athbheonn sé sin na damhsóirí agus go dtugann sé a ndúshlán, spreagann sé comhoibrithe agus foirne cruthaitheacha, tugann sé deiseanna le dul i dteagmháil le lucht féachana nua agus leathnaíonn sé an dearcadh ar an bhfoirm ealaíne i measc lucht leanúna atá ann cheana féin freisin. Foirmle an rathúnais a fheictear timpeall na cruinne é an bailé a dhéanamh níos ábhartha don 21ú haois agus, ag an am céanna, meas a thabhairt do na sárshaothair agus do thraidisiúin agus do stair na foirme ealaíne.

[17] Mar shampla, is iad sárshaothair cháiliúla Tchaikovsky – *The Nutcracker, Swan Lake* agus *The Sleeping Beauty* – mar aon le *Coppélia* agus *Giselle*, agus leaganacha de *Romeo and Juliet* na croíoibreacha. Faightear *La Bayadère* and *La Sylphide* i stór roinnt compántas, saothair nach bhfuil chomh coitianta céanna.

Ar ndóigh, d'fhéadfadh cláreagrú ní b'éagsúla lucht féachana ní b'fhairsinge a aimsiú. Tugann sé dúshláin níos suimiúla agus níos spreagthaí do na damhsóirí freisin, rud a chuireann caighdeáin agus cumas ealaíne chun feabhais i gcónaí. Ba bhreá le mórán damhsóirí an deis a fháil na sárshaothair a thaibhiú, a bheith ag plé le stíleanna difriúla cóiréagrafaíochta agus saothar úr a chruthú. Spreagann sé sin dílseacht na ndamhsóirí agus feictear go bhforbraíonn sé cumas léirmhínitheach agus go neartaíonn sé scileanna teicniúla. Mar a luadh cheana, tá sé de rún ag gach compántas na damhsóirí is fearr agus is féidir a earcú ar gach leibhéal. Teastaíonn eiseamláirí gairmiúla ó chéimithe nua má tá siad le dul chun cinn go teicniúil agus go healaíonta. Ar an gcuma chéanna, níos mó fós fiú amháin, bíonn deiseanna de dhíth ar dhamhsóirí sinsearacha freisin ar mhaithe le teacht chun cinn agus leis an ndúshlán. Is tábhachtach go mbíonn stór éagsúil ann chuige sin. Caithfidh damhsóirí a bheith ag plé chomh maith le múinteoirí, *répétiteurs*, stiúrthóirí cleachtaidh agus foireann bhailé ardchaighdeáin, má tá siad faoi choinne leanúint ar aghaidh ag forbairt. Bunghnéith i bhforbairt na n-ealaíontóirí cliste fiosracha é cothromaíocht a aimsiú idir an leanúnachas agus an taithíocht agus an gá le ceisteanna agus dúshláin a chur ort.

Is ann do thraidhfil compántais rathúla nár ghlac leis an gcur chuige sin – compántais faoi stiúir cóiréagrafaí de ghnáth a thaibhíonn saothar an chóiréagrafaí/an stiúrthóra den chuid is mó. Is iad sin na heisceachtaí, áfach, agus tá fadsaolaí agus cobhsaíocht na gcompántas sin amhrasach. Samplaí den leochaileacht sin é deireadh thacaíocht Frankfurt do William Forsythe agus an éiginnteacht tosaigh maidir le todhchaí Béjart Ballet Lausanne tar éis bhás Maurice Béjart.

### *4.3.2 Clár 'cothromaithe' a chur le chéile*

Tá baint dhíreach ag ceist na cothromaíochta sa chláreagrú le patrún taibhithe an chompántais. Is é an aidhm atá ann raon iomlán sraitheanna cláreagraithe an chompántais a chur i láthair thar thréimhse ama. I gcás compántas nach dtaibhíonn in aonad ach uair amháin sa bhliain (i gcás go mb'fhéidir go dtaibhíonn compántais eile ar cuairt freisin), féadtar an chothromaíocht sin a bhaint amach in dá bhliain nó i dtrí bliana (agus dúshlán breise cláir na gcompántas ar cuairt a chomhlánú). Maidir le compántais a thugann cuairt ar ionad níos minice, féadtar an chothromaíocht sin a bhaint amach i dtréimhse i bhfad níos giorra – taobh istigh de bhliain b'fhéidir. Más féidir le compántas dhá chlár a chur i láthair i gcuairt amháin, is é an aidhm an chothromaíocht sin a bhaint amach laistigh den dá chlár. Ar ndóigh, cuirtear na bunphrionsabail leathana sin in oiriúint agus i mbaol amanna, mar shampla, chun freastal ar chlár féile a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar théama nó ar chomóradh ar leith nó le coimhlintí le compántais eile a sheachaint. Mar sin féin, déantar athruithe ar bith i gcoinne cúlra bheartas cláreagraithe agus threoirphrionsabail an chompántais. Ligeann sé seo don chothromaíocht inmhianaithe maireachtáil le himeacht ama gan amhras míchuí.

Ní mór a lán tosca eile a chur san áireamh tráth clár a chothromú. Mar shampla, d'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith ábhartha tráth clár measctha (i.e. dhá ghearrshaothar nó níos mó) a cheapadh:

- An mbeidh ceol, dearadh agus cóiréagrafaíocht gach saothair i gcodarsnacht, i dteannta nó i gcoimhlint leis na saothair eile sa chlár?
- An mbeidh an chuid is mó/gach ceann de na damhsóirí sa chlár nó an mbeidh na damhsóirí céanna sa chuid is mó/i ngach ceann de na saothair?
- An bhfuil dóthain deiseanna agus ról ann chun damhsóirí óga nach bhfuil an oiread céanna taithí acu a fhorbairt?
- An bhfuil sé ar chumas na foirne teicniúla freastal ar éilimh oibreacha éagsúla sa chlár céanna?
- An bhfuil ord chur i láthair na saothar ag taispeáint na saothar uile sa tslí is fearr?
- Ó thaobh an lucht féachana de, an bhfuil cothromaíocht mhaith le sonrú idir saothar dúshlánach agus saothar siamsúil?
- Cé hé an spriocphobal?

Cruthaítear dúshláin ar leith de bharr obair choimisiúnaithe a chláreagrú, bíodh lánfhad nó fad níos giorra i gceist. I móramh na gcásanna, caithfidh na compántais an saothar a mhargú i bhfad sula dtagann sé ar an bhfód. Is minic a bhíonn teideal an tsaothair in éineacht le cur síos achomair air ag teastáil i bhfad sula ndéantar cóiréagrafaíocht ar bith. Is fíorthábhachtach taighde críochnúil a dhéanamh ar an bhfoireann chruthaitheach agus modh a bheith ann chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn le linn chruthú an scéil. Is iondúil go ndéanann compántais rathúla roghanna eolasacha agus is gnách dóibh dul i ngleic le fadhbanna ar bith agus iad a réiteach de réir mar a thagann siad aníos i bpróiseas an chruthaithe. D’fhéadfadh cinntí deacra a bheith ag teastáil ach ní féidir le coimisiúnú saothair nua a bheith saor ó rioscaí. Cuirfear an fhoirm ealaíne chun cinn tar éis dul san fhiontar amháin – téann compántais rathúla san fhiontar, déanann siad na rioscaí a bhainistiú go maith agus glacann siad bearta maolaithe más gá.

Cuireann go leor compántas, i dteannta sárshaothair lánfhada a chláreagrú agus saothair nua a choimisiúnú, lena stór trí shaothair reatha le cóiréagrafaithe bunaithe a fháil. Mar shampla, taibhíonn compántais iomadúla ar fud an domhain saothar de chuid Balanchine, Kylián, MacMillan, Ashton, Cranko, Forsythe, Robbins agus roinnt cóiréagrafaithe eile. Tá lucht cáinte ag domhandú seo an stóir a chaoineann an baol a d’fhéadfadh a bheith i ndán do phearsantacht agus do shainiúlacht compántais. Mar sin féin, faigheann compántais na saothair sin mar gheall ar a gcaighdeán: leagann siad sárdhúshláin faoi na damhsóirí agus is minic a bhíonn éileamh orthu i measc an lucht féachana. Anuas air sin, má chuirtear saothair bhunaithe san áireamh i stór, maolaítear na rioscaí féideartha a bhaineann le coimisiúnú saothar nua go pointe áirithe, i gcomhthéacs an chláreagraithe iomláin.

Níl aon fhoirmle sheasta ann chun clár cothrom a bhaint amach ach ní mór réimse tosca a chur san áireamh. Teastaíonn pleanáil mhachnamhach, sláine agus nádúr ealaíne agus feasacht ar na mórfhorbairtí domhanda san fhoirm ealaíne chun an chothromaíocht a aimsiú.

*4.3.3 Cláreagrú samhlaíoch a chuireann breithnithe praiticiúla san áireamh*

Leagadh béim sna rannáin roimhe seo ar a thábhachtaí atá an chruthaitheacht agus clár cothrom, ach má táthar le seasamh leis na prionsabail sin ní mór a bheith réalaíoch agus iad á gcur i bhfeidhm agus a bheith eolasach ar na cúinsí ina n-oibríonn compántas.

Mar shampla, d’fhéadfadh cúiseanna maithe ealaíne, airgeadais agus cláir a bheith le mian compántais *The Sleeping Beauty* a chur ar an ardán, ach is beag seans go mbeidh rath ar an léiriú má thabharfar cuairt ar ionaid bheaga le damhsóirí nach bhfuil mórán taithí acu. Baol nach bhféadfaí glacadh leis é sárshaothair a léiriú ar ardáin ar léir go bhfuil siad róbheag, in éineacht le damhsóirí nach bhfuil in ann éilimh na ról a chomhlíonadh.

Caithfidh baint a bheith ag cinntí agus uaillmhianta ealaíne leis na scileanna agus na hacmhainní atá ar fáil agus a bheith oiriúnach do na hionaid atá i gceist ó thaobh scála de. Ní chuireann compántais rathúla bhunaithe a gcáil i gcontúirt trí amhras míchuí a tharraingt ar chaighdeáin an taibhithe, bíodh sé ó thaobh na healaíne nó an chuir i láthair de. Tá siad in ann cáilíocht an taibhithe a choimeád trí bhreithiúnais eolasacha a dhéanamh i gcomhthéacs na dea-phleanála agus feasacht ar na hacmhainní atá ar fáil.

Gabhann an fheasacht sin a fhad le maoiniú an chompántais, lena n-éilítear go dtuigtear tionchar na gcinntí ealaíne agus cláir go réasúnach. I ndáil leis seo, cé gur chóir na rioscaí a bhaineann le léiriú saothair nua a chur san áireamh sa phleanáil airgeadais, ba cheart iad a mhaolú i gcónaí le hacmhainní airgeadais eile atá níos intuartha agus atá bunaithe ar thaithí roimhe seo nó ar chaidreamh bunaithe (e.g. an oiread urraíochta nó maoinithe).

Chomh maith leis an gcothromaíocht i gcláreagrú, braitheann rath an chuir chuige lena ngabhann trí shraith
(sárshaothair lánfhada, saothair nua agus saothair bhunaithe) freisin ar ghlacadh agus ar thuiscint an lucht féachana ar an gcur chuige sin. D’fhéadfadh píosa caolchúise a bheith ag teastáil agus le

himeacht aimsire amháin a bhainfear amach é. Tugann cáilíocht na dtaibhithe agus cothromaíocht na gclár faill do chompántas a lucht féachana a fhorbairt, áfach. Le himeacht ama, beidh muinín ag lucht féachana as compántas (agus as a chlár) ach ní mór do bhainisteoirí ionaid an cur chuige sin a thuiscint agus tacú leis. Ar an gcúis sin, déanann compántais rathúla tréaniarracht caidreamh agus comhpháirtíochtaí a chothú le hionaid.
Modh maireachtála do go leor compántas é dul ar camchuairt agus is minic a shocraíonn sé a bparaiméadair oibriúcháin. Seo a leanas blaisín de na saincheisteanna nach mór do chompántas camchuairte aghaidh a thabhairt orthu: costais iompair agus lóistín; spás cleachtaidh; na héilimh theicniúla éagsúla; an méid tacaíocht phraiticiúil a fhaightear ó na hionaid; cláreagrú eile san ionad roimh an gcuairt agus dá héis; saincheisteanna áitiúla sochpholaitiúla; leanúnachas agus saineolas fhoirne na n-ionad.  Ionas go mbeidh rath ar chompántais, caithfidh siad straitéisí a fhorbairt chun na saincheisteanna sin a chur san áireamh. Mar sin de, is eispéireas dearfach é dul ar camchuairt agus is bealach éifeachtach é chun lucht féachana an bhailé a mhéadú.

Go hachomair, léirítear na saintréithe seo a leanas sa dea-chleachtas gairmiúil:

- Sláine ealaíne atá bunaithe ar thiomantas d’fhorbairt na foirme ealaíne agus clár cothromaithe a chur i láthair a chuireann dúshlán faoin lucht féachana agus a chuireann siamsaíocht ar fáil dóibh;
- Tréanbhord rialaithe agus tréancheannaireacht;
- Tiomantas do luachanna cur i láthair agus do léirithe ardchaighdeáin;
- Samhail oibriúcháin atá stóinsithe ó thaobh airgeadais de;
- Straitéis chuimsitheach cumarsáide;
- Réimse comhpháirtíochtaí;
- Bunáit bhaile ina bhfuil stiúideonna;
- Cumas chun athruithe a láimhseáil; agus
- Dearcadh agus ionchas réalaíoch ar cad is féidir a bhaint amach.

## 4.4 Samhail Chleachtais d’Éirinn

Agus breithniú á dhéanamh ar roghanna na hÉireann agus ar an tsamhail is dóchúla a bhainfidh na spriocanna a liostaítear thuas amach, rinneadh taighde i dtíortha ina bhfuil daonra den mhéid céanna (féach an tábla thíos).

| Tír | Daonra |
|---|---|
| An Iorua | 4.8 milliún |
| Éire | 4.5 milliún |
| An Chróit | 4.4 milliún |
| An Nua-Shéalainn | 4.3 milliún |
| An Bhreatain Bheag | 3.1 milliún |

San Iorua agus sa Chróit, tugtar maoiniú do chompántais bhailé náisiúnta mar chuid d’fhorais chultúrtha níos mó. San Iorua, tá an compántas bailé nasctha leis an gcompántas ceoldrámaíochta in Osló agus, sa Chróit, tá an compántas bailé ina chuid den Amharclann Náisiúnta i Ságrab, lena gcuimsítear an compántas amharclannaíochta agus an compántas ceoldrámaíochta. Sa dá chás, taibhíonn na compántais chónaitheacha sin i gceoldrámaí nuair is gá agus is beag léiriúchán a chuireann siad féin i láthair. Is beag duine atá ar an eolas orthu lasmuigh dá gcathracha dúchais agus níl próifíl idirnáisiúnta ar bith acu. Tá siad maoinithe ag an stát agus comhlíonann siad ról cultúrtha riachtanach don tír agus dá pobal. Tá a leithéid de shamhail coitianta agus bunaithe go maith de réir na staire, go háirithe san Eoraip (féach Caibidil 1). Dá mbeadh samhail den sórt sin le cur ar bun in Éirinn, is dócha go mbeadh call le comhpháirtí toilteanach ó fhoirm ealaíne eile a mbeadh de chumas

aige tabhairt faoi thionscnamh den saghas sin. Tá cúrsaí praiticiúla, fisiciúla agus geografacha i gceist, chomh maith leis na saincheisteanna follasacha ealaíne agus bainistíochta. Ar ndóigh, bheadh cuid mhór maoinithe ag teastáil chun go bhféadfaí tionscadal den sórt sin a chur ar bun. Bíonn ról tánaisteach ag an gcompántas bailé in go leor tíortha Eorpacha, faoi bhun compántas ceoldrámaíochta de ghnáth – is annamh a bhíonn comhdheiseanna agus comhstádas ag an mbailé lena chomhpháirtí/chomhpháirtithe. Ina theannta sin, is minic nach n-éiríonn leis na compántais bhailé sin a bhféiniúlacht a bhunú agus is annamh a théann siad ar camchuairt. Tríd is tríd, níl cás láidir ann chun coinneáil leis an rogha sin in Éirinn, murar féidir comhpháirtí féideartha toilteanach agus díograiseach a aithint go héasca.

Tá samhail níos ábhartha agus níos suimiúla i ngníomh ag Compántas Bailé Ríoga na Nua-Shéalainne. Tá sé ag ceiliúradh 60 bliain ó bunaíodh é i láthair na huaire. Faigheann sé maoiniú go díreach ón Rialtas tríd an Aireacht Cultúir agus Oidhreachta. Tá 32 damhsóir ar fostú aige go buan, cuireann sé thart ar 140 léiriú i láthair in aghaidh na bliana agus téann sé ar chamchuairt fhairsing sa Nua-Shéalainn – tugann sé cuairt ar níos mó ná 60 ionad agus téann sé thar sáile corruair. Tá lucht féachana de bhreis ar 150,000 in aghaidh na bliana ag an gcompántas agus glacann 18,000 rannpháirtí eile páirt ina ghníomhaíochtaí oideachais. Cuireann an compántas meascán de shárshaothair lánfhada agus saothair bhunaithe i láthair agus coimisiúnaíonn sé saothar úr amháin ar a laghad gach bliain. Cuimsítear le hioncam bliantúil an chompántais, arb ionann é agus NZ$10m (€6.2m), NZ$4.4m (€2.7m) de mhaoiniú stáit, NZ$2.5m (€1.5m) ó urraíocht/thiomsú airgid agus NZ$3.1m (€1.9m) ó dhíol ticéad. Is ionann maoiniú stáit an chompántais (NZ$4.4m) agus 44% d'ioncam iomlán an chompántais. Gineann an compántas an 56% eile.

Tá an-mheas ar ról an chompántais, agus ar an mbailé mar fhoirm ealaíne, sa Nua-Shéalainn. Tá gníomhaíochtaí damhsa i seánraí eile maoinithe ag an stát trí Creative NZ (is ionann é sin agus Comhairle Ealaíon na tíre sin). Is ionann an dáileadh iomlán agus beagnach os cionn NZ$2.5m, i gcomhair cleachtas damhsa chomhaimseartha go príomha.

Níos gaire don bhaile, cé go bhfaigheann sé maoiniú i bhfad níos lú ná Compántas Bailé Ríoga na Nua-Shéalainne, faigheann Ballet Cymru sa Bhreatain Bheag (daonra 3.1 milliún) £200,000 (€242,400) in aghaidh na bliana ó Chomhairle Ealaíon na Breataine Bige. Faigheann sé an méid céanna a bheag nó a mhór ó dhíol ticéad, ó iontaobhais agus ó fhondúireachtaí agus ó dheontais/thacaíochtaí eile. Fostaíonn sé deichniúr damhsóirí ar an meán ar feadh naoi mí gach bliain. Cuireann sé saothar nua i láthair, taibhíonn sé thart ar 45 léiriú i dtimpeall 40 ionad agus bíonn lucht féachana de bhreis ar 15,000 aige. Is gnách go gcuireann an compántas dhá chlár i láthair gach bliain, lena n-áirítear saothair a ndéanann stiúrthóir ealaíne an chompántais cóiréagrafaíocht orthu. Tá dlúthchaidreamh aige le hAmharclann an Riverfront in Newport, (ina mbíonn taibhithe agus ceardlanna samhraidh agus a thugann tacaíocht theicniúil agus mhargaíochta don chompántas) agus le Rubicon Dance (an eagraíocht phobail um fhorbairt damhsa do Caerdydd agus do Newport) ar tugadh faoi chomhthionscadail éagsúla rathúla ina éineacht.

Tá compántas bailé lánghairmiúil tuillte ag Éirinn a théann ar chamchuairt náisiúnta, a fhorbraíonn an fhoirm ealaíne, a sholáthraíonn gníomhaíochtaí oideachais agus a dhéanann caidreamh le pobail áitiúla. Tá samhail oibriúcháin fhéideartha ann a d'fhéadfaí a fhorbairt le himeacht aimsire, samhail a bheadh leath bealaigh idir Compántas Bailé Ríoga na Nua-Shéalainne agus Ballet Cymru.

D'fhéadfadh eagar seomra/compántas ina mbeadh thart ar 16 dhamhsóir fostaithe ar feadh naoi mí sa bhliain dhá chlár a chur i láthair gach bliain chomh maith le taibhithe breise tráchtála ar *The Nutcracker* um Nollaig a bheadh féinmhaoinithe. Bheadh an stór bunaithe ar phrionsabail na gcompántas sin a bhfuil cothromaíocht le sonrú ina gcuid clár – meascán de na sárshaothair thraidisiúnta, saothair bhunaithe agus coimisiúnú saothar nua. Bheadh timpeall 18 seachtaine de chleachtadh (trí thréimhse de shé seachtaine) de dhíth le haghaidh 18 seachtaine de léiriú/chamchuairt (ocht seachtaine an ceann faoi choinne an dhá chlár agus coicís i gcomhair *The Nutcracker*). Bheadh sé ina thús-sprioc bhliantúil 100 léiriú a chur ar siúl i 35 ionad nó mar sin. Chomh maith leis an

gcroíghrúpa ina mbeadh 16 dhamhsóir, beartaítear go dtairgfeadh an compántas dhá phrintíseacht agus go mbeadh mic léinn bhreise ann corruair de réir mar ba ghá i gcomhair stór ar leith.

Bheadh sé den riachtanas gnáthphatrún camchuairte a leagan amach, mar aon le cuibhreannas d'ionaid chomhpháirtíochta. Ba ghá caidreamh a chothú le compántais bhailé idirnáisiúnta eile d'fhonn saothair nua a chomh-choimisiúnú agus b'fhéidir chun clár malairte a chur ar bun i gcomhair damhsóirí, múinteoirí, etc. Bheadh call le dóthain maoinithe chun múinteoirí, léiritheoirí agus *répétiteurs* aoi a fháil, mar aon le hacmhainní chun fisiteiripe agus tacaíocht sláinte a chur ar fáil. Bheadh bunáit bhaile ina bhfuil stiúideonna de dhíth ar an gcompántas freisin. Ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt dá chuid iarrachtaí ealaíne agus d'fhonn iad a éascú, b'éigean don chompántas infheistíocht a chur i saintiomsú airgid, i gcumarsáid agus i dtacaíocht theicniúil chomh maith leis na feidhmeanna riaracháin agus airgeadais a chomhlíonadh.

Bheadh ceapadh tréanbhord rialaithe agus earcú foireann cheannaireachta spreagthach – Stiúrthóir Ealaíne agus Príomhfheidhmeannach/Bainisteoir Ginearálta is dócha – ríthábhachtach do bhunú an chompántais, chomh maith lena inmharthanacht agus rath sa todhchaí.

Cuireann na meastacháin shealadacha in iúl go mbeadh tacaíocht/maoiniú rialta bliantúil de €1.2m de dhíth ar eagar seomra/compántas a bheadh i mbun an oiread gníomhaíochta a mholtar agus a chuirfeadh taibhithe ardchaighdeáin i láthair. Ina theannta sin, bheadh gá le híocaíocht mheasta aonuaire €500,000 chun an struchtúr rialachais a bhunú agus chun pearsanra tábhachtach a cheapadh sula dtosófaí d'fhonn tabhairt faoi earcaíocht, camchuairteanna a phleanáil agus a chur in áirithe, etc. Ar deireadh, bheadh sé riachtanach buiséad léiriúcháin tosaigh a chomhaontú.

Bheifí in ann pleanáil ach an méadú sin ar an infheistíocht sa bhailé a chinntiú, mar aon le dearbhú go bhfaighfí tacaíocht ar bhonn leanúnach. Céim mhór a bheadh ann agus bheifí réasúnta dóchasach go spreagfadh sé na hathruithe dearcaidh a theastaíonn chun an bailé gairmiúil a chur chun tosaigh in Éirinn.

Bheadh idirthréimhse de dhíth dá dtiocfadh tionscnamh den chineál sin chun cinn. Sa mhullach air sin, níor mhór comhaontú ar shraith spriocanna mar chuid den phróiseas a bhaineann le cur chuige nua a bhunú i leith sholáthar an bhailé ghairmiúil in Éirinn.

Ar ndóigh, theastódh pleanáil chúramach ó thionscnamh den sórt sin. Mar sin féin, de thoradh na hinfheistíochta cuí agus ceapacháin stuama, d'fhéadfaí compántas bailé cruthaitheach Éireannach ar chaighdeán idirnáisiúnta a fhorbairt le himeacht aimsire. B'fhearr dá mbeadh an compántas in ann conarthaí buana a thabhairt do dhamhsóirí (i.e. ag oibriú i gcaitheamh na bliana seachas ar feadh naoi mí gach bliain) laistigh de thrí bliana ón mbunú. Bhraithfeadh sé seo ar mhéadú ar an éileamh ar thaibhithe in Éirinn agus thar lear, agus ar bhaint amach samhail oibriúcháin atá fónta agus cobhsaí ó thaobh airgeadais de. Athrú suntasach den sórt sin, nó athrú ó bhonn dar le daoine ar leith, an seans is fearr chun an soláthar a chur chun feabhais, chun leanúnachas agus cobhsaíocht a chur ar fáil agus chun ardán a bhunú i gcomhair dianiarracht ealaíne agus na cruthaitheachta.

## 4.5 Conclúid na Caibidle

Go stairiúil, i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile, cuireadh bac ar fhorbairt an bhailé in Éirinn de bharr an oiread fóirdheontas poiblí a bhí ar fáil. Bheadh gá le méadú suntasach ar mhaoiniú poiblí chun cáilíocht an chleachtais ghairmiúil a chur chun feabhais go mór.

Bheadh athrú ó bhonn ó thaobh uaillmhian ealaíne de agus fonn chun an fhoirm ealaíne a chur chun tosaigh tríd an gcleachtas cruthaitheach ag teastáil chun údar a thabhairt le méadú den sórt sin, áfach. Níor mhór freisin athbhreithniú agus athmhachnamh a dhéanamh ar na dearcthaí i leith cláreagrú, camchuairte, cumarsáide, tiomsú airgid agus tacaíocht theicniúil.

Tá idirspleáchas bunúsach idir na gnéithe sin. Gan an t-athrú sin, fanfaidh rudaí mar atá siad agus, le himeacht ama, is dócha go n-éireoidh an bailé in Éirinn marbhánta.

# LEABHARLIOSTA ROGHNAITHE


Brinson, Peter, *The Dancer and the Dance – Developing Theatre Dance in Ireland*, an Chomhairle Ealaíon, 1985.

Marzin, Yannick, *A Professional Dance Curriculum for Ireland*, an Chomhairle Ealaíon, 2003.

Purnell, Derek, *Towards a Strategy of Support for Professional Ballet in Ireland*, an Chomhairle Ealaíon, 2006

An Chomhairle Ealaíon, *Tuarascáil Bhliantúil 1995.*

An Chomhairle Ealaíon, *An Integrated Dance Strategy, 2010-2012.*

An Chomhairle Ealaíon, *Partnership for the Arts: Arts Council Goals 2006-2010*, 2005.

An Chomhairle Ealaíon, *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon: Cleachtais 2006-2008*, 2005.

Benson, Ciarán, *The Place of the Arts in Irish Education*, an Chomhairle Ealaíon, 1979.



Brinson, Peter, *The Dancer and the Dance – Developing Theatre Dance in Ireland*, an Chomhairle Ealaíon, 1985.



Everitt, Anthony, *The Creative Imperative: A Report on Support for the Individual Artist in Ireland*, an Chomhairle Ealaíon, 2000.

Leatherdale, Anna agus Todd, Victoria, *Shall We Dance? A Report on Vocational Dance Training in Ireland*, an Chomhairle Ealaíon, 1998.



Marzin, Yannick, *A Professional Dance Curriculum for Ireland*, an Chomhairle Ealaíon, 2003.



O'Brien, Victoria, *Céim Chun Tosaigh: clár i gcomhair damhsa réamhghairmiúil comhaimseartha in Éirinn*, an Chomhairle Ealaíon, 2010.



Purnell, Derek, *Towards a Strategy of Support for Professional Ballet in Ireland*, an Chomhairle Ealaíon, 2006



Renshaw, Peter, *Proposal for an Irish Academy for the Performing Arts*, 1999.

Tanham, Gaye, *A Fragile Line,* tráchtas Máistreachta neamhfhoilsithe, Ollscoil Luimnigh, 2005.


## FOINSÍ EILE

Teagmháil Phearsanta leo seo:
An Dr Gráinne McArdle (Staraí Damhsa agus múinteoir bailé)
Beverly Dinsmore (An tAcadamh Ríoga Damhsa)
Liz Murphy (Cumann Idirnáisiúnta na Múinteoirí Damhsa)
Nick Murray agus Cynthia Pease (Cumann Impiriúil na Múinteoirí Damhsa)

# AGUISÍN 1

## Nótaí ó Phróiseas Comhairliúcháin na Comhairle Ealaíon

Cruinniú Comhairliúcháin i dtaobh Bailé

An 18 Meán Fómhair 2013

| Seisiún | **Oideachas** |
|---|---|

| Lucht Freastail | Teideal Poist | Eagraíocht |
|---|---|---|
| Jane Daly | Cathaoirleach | |
| Davide Terlingo | Ceann Damhsa | An Chomhairle Ealaíon |
| Áine Kelly | Oifigeach Damhsa | An Chomhairle Ealaíon |
| Derek Purnell | Comhairleoir Bailé | An Chomhairle Ealaíon |
| Victoria O'Brien | Comhairleoir Damhsa | An Chomhairle Ealaíon |
| Aoife McGrath | Sainchomhairleoir Neamhspleách | |
| Anne Maher | Stiúrthóir | Ballet Ireland |
| Fraser Brown | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Monica Loughman Ballet |
| Alan Foley | Stiúrthóir Ealaíne | Cork City Ballet |
| Katherine Lewis | Stiúrthóir Ealaíne | An Compántas Náisiúnta Bailé Óige |
| Joanna Banks | Stiúrthóir | College of Dance |
| Marian Lennon | Stiúrthóir ar Chúrsa Damhsa | Coláiste Breisoideachais Inse Chór |
| Gráinne McArdle | Stiúrthóir ar Scoil Bailé/Staraí Damhsa | Celbridge School of Ballet |
| Judith Sibley | Stiúrthóir Ealaíne | Chrysalis Dance agus Youth Ballet West |
| Jane Magan | Damhsóir | Ballet Ireland/Chrysalis/Cork City Ballet |
| Anica Louw | Stiúrthóir | Shawbrook |
| Katherine O'Malley | Damhsóir/Múinteoir | Liz Roche Company |
| Leanne Sexton | Mac Léinn Damhsa | Monica Loughman Ballet |
| Saoirse Delaney | Mac Léinn Damhsa | An Compántas Náisiúnta Bailé Óige |

---

**1. Ceisteanna le Plé**

Rinneadh plé ar na hábhair seo a leanas ag an gcruinniú:

1.1 Conas ba cheart struchtúr a chur faoi oideachas damhsa ghairmiúil in Éirinn? An bhfuil gá le hacadamh damhsa náisiúnta? Má tá, cén cruth ba cheart a chur ar an acadamh?

1.2 Conas ba cheart oideachas damhsa ghairmiúil a nascadh le cleachtas damhsa ghairmiúil in Éirinn?

1.3 Conas ba cheart forbairt a dhéanamh ar oideachas damhsa ghairmiúil in Éirinn? Cad a chabhródh leis an bhforbairt sin?

1.4 Cén bac atá ar fhorbairt an oideachais damhsa ghairmiúil in Éirinn agus conas is féidir é sin a shárú?

**2. Tháinig an méid seo a leanas chun cinn ón bplé a rinneadh ar na topaicí:**

2.1 Bhíothas ar aon tuairim gur chóir oideachas lánaimseartha damhsa ghairmiúil a chomhcheangal leis an gcóras oideachais fhoirmiúil. B'fhearr dá reáchtálfaí oideachas acadúil agus meánscoile i gcomhthráth le gairmoiliúint. Mar shampla, caithfidh mic léinn leanúint orthu ag déanamh staidéir le haghaidh an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta le linn dóibh a bheith i mbun oiliúint lánaimseartha – ní féidir é sin a dhéanamh in Éirinn i láthair na huaire. Dá bhrí sin, ní mór oideachas acadúil foirmiúil a ligean uathu ar mhaithe le hoiliúint bhailé.

2.2 Ba é comhdhearcadh na coitiantachta go raibh creidiúnú foirmiúil tábhachtach d'aon oiliúint damhsa ghairmiúil in Éirinn. Bhíothas ar aon intinn go gcinnteodh creidiúnú foirmiúil go mbeadh sé de chumas ag céimithe ó acadamh náisiúnta damhsa nach mbaineann slí bheatha amach mar thaibheoir gairmiúil dul sa tóir ar bhreisoideachas agus ar ghairmeacha eile. D'aontaigh mórán daoine, ag a bhfuil an taithí dhíreach, gur mórábhar imní é sin do thuismitheoirí agus iad ag déanamh machnaimh ar an damhsa gairmiúil mar ghairm dá gcuid páistí.

2.3 Is dócha go bhfuil sé rómhall do mhórán mic léinn tosú i mbun oiliúint lánaimseartha agus iad 16 bliana d'aois. Leagann sé sin béim ar easnaimh roinnt oiliúna in Éirinn roimh 16 bliana d'aois. Mhol roinnt rannpháirtithe gur chóir aitheantas agus creidiúint a thabhairt i gcóras oideachais na hÉireann do cháilíochtaí a fhaightear trí scrúduithe bailé. Ba cheart iad sin a chur ar an gCreat Cáilíochtaí ar an gcaoi chéanna a ndéantar i Sasana agus in Albain (e.g. fabhraíonn scrúduithe RAD pointí UCAS sa Ríocht Aontaithe).

2.4 Ba cheart cúrsa oiliúna ar bith a chreidiúnú agus BA a bhronnadh ar na mic léinn ag a dheireadh. Bhí líon rannpháirtithe ar aon tuairim go mbeadh BA lena gcuimseofaí oiliúint bhailé agus oiliúint damhsa chomhaimseartha ina rogha mhaith agus dar leo gurb é sin an bealach is fearr chun mic léinn a earcú. Luadh an Baitsiléir Ealaíon sa Royal Conservatoire of Scotland (atá nasctha le Scottish Ballet) mar shamhail fhéideartha. Luadh na scoileanna/coláistí Conservatoire, Rambert School of Ballet and Contemporary Dance agus an Central School sa Ríocht Aontaithe freisin mar shamplaí den ghairmoiliúint i gcomhthéacs céim BA. Comhaontaíodh go mbeadh an cineál sin oiliúint chomhtháite ina bhunús le níos mó féidearthachtaí agus gur dócha go n-éireodh níos fearr leis.

2.5 Ba léir go rabhthas ar aon tuairim go bhfuil áit an damhsa faoi láthair sa churaclam corpoideachais sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna díobhálach don dearcadh i leith damhsa in Éirinn. Ba cheart an damhsa a shuí i gcuraclam na n-ealaíon mar ábhar scoite. Téama a tháinig aníos arís agus arís eile ba ea áit an damhsa sa siollabas Corpoideachais agus Spóirt i mbunscoileanna. Mheas bunús na ndaoine go bhfuil sé sin ar cheann de na mórbhaic ar an bhfoirm ealaíne in Éirinn. Chuir cuid mhór daoine in iúl go raibh gá le hathrú beartais ina leith sin.

2.6 Ardaíodh dhá cheist: an bhfuil daonra mór go leor in Éirinn le freastal ar acadamh bailé lánaimseartha agus, cionn is go bhfuil sí suite go himeallach i gcomparáid le príomhchathracha na hEorpa, an féidir foras a chruthú a bheadh in ann an tallann oiriúnach a mhealladh agus oiliúint ardchaighdeáin a chur ar dhamhsóirí ionas go mbeidh siad in ann oibriú ar fud an domhain? D'fhonn go mbeadh sé rathúil agus d'fhonn údar a thabhairt lena bhunú, comhaontaíodh go mb'éigean d'Acadamh Damhsa Náisiúnta a bheith seang agus díriú ar ghnóthú na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Ní dócha go mbeadh aon samhail oideachais

damhsa inbhuanaithe le mic léinn Éireannacha amháin. Is tábhachtach caighdeáin a bhaint amach atá ábalta mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh, toisc go mbeadh ar an acadamh dul san iomaíocht le scoileanna atá bunaithe thar lear.

2.7 In éagmais acadaimh den sórt sin, d'aontaigh an lucht freastail gur chóir maoiniú sparánachta a thabhairt isteach arís chun tacú le mic léinn Éireannacha a théann thar lear le haghaidh gairmoideachas damhsa. Féadann dul thar lear chun oiliúint a fháil a bheith ina eispéireas saibhrithe a thugann deis do na mic léinn caighdeán mic léinn eile agus nádúr iomaíoch na slí beatha gairmiúla a fheiceáil.

| Seisiún | **Cleachtas Gairmiúil** |
|---|---|

| Lucht Freastail | Teideal Poist | Eagraíocht |
|---|---|---|
| Jane Daly | Cathaoirleach | |
| Davide Terlingo | Ceann Damhsa | An Chomhairle Ealaíon |
| John O'Kane | Stiúrthóir Ealaíon | An Chomhairle Ealaíon |
| Áine Kelly | Oifigeach Damhsa | An Chomhairle Ealaíon |
| Derek Purnell | Comhairleoir Bailé | An Chomhairle Ealaíon |
| Victoria O'Brien | Comhairleoir Damhsa | An Chomhairle Ealaíon |
| Aoife McGrath | Sainchomhairleoir Neamhspleách | |
| Anne Maher | Stiúrthóir | Ballet Ireland |
| Fraser Brown/ Monica Loughman | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/Stiúrthóir Ealaíne | Monica Loughman Ballet |
| Alan Foley | Stiúrthóir Ealaíne | Cork City Ballet |
| Katherine Lewis | Stiúrthóir Ealaíne | An Compántas Náisiúnta Bailé Óige |
| Joanna Banks | Stiúrthóir | College of Dance |
| Marian Lennon | Stiúrthóir ar Chúrsa Damhsa | Coláiste Breisoideachais Inse Chór |
| Judith Sibley | Stiúrthóir Ealaíne | Chrysalis Dance/Youth Ballet West |
| Jane Magan | Damhsóir | Ballet Ireland/Chrysalis/Cork City Ballet |
| Anica Louw | Stiúrthóir | Shawbrook |
| Katherine O'Malley | Damhsóir/Múinteoir | Liz Roche Company |

---

## 3. Ceisteanna le Plé

Rinneadh plé ar na hábhair seo a leanas ag an gcruinniú:

3.1 Cad is dea-chleachtas gairmiúil sa bhailé ann?

3.2 An bhfuil samplaí den dea-chleachtas a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'Éirinn?

3.3 Cad iad na príomhcheisteanna agus na deacrachtaí/tosca aitheanta a ghabhann le cruthú agus le cur i láthair saothair ghairmiúil in Éirinn?

**4. Tháinig an méid seo a leanas chun cinn ón bplé a rinneadh ar na topaicí:**

4.1 Bhíothas den tuairim go bhfuil conradh 12 mhí do dhamhsóirí tábhachtach chun dea-chleachtas a bhunú. Measadh gur thug sé sin deiseanna chun damhsóirí a fhorbairt, oibriú ar scálaí éagsúla, an stór a leathnú agus lucht féachana a bhunú a leanann an compántas seachas roghanna a dhéanamh bunaithe ar chúrsaí stóir amháin. I ndeireadh na dála, comhaontaíodh gur chóir an 'dea-chleachtas' a mheas i gcomhthéacs idirnáisiúnta má bhí sé le creidiúnacht ar bith a shaothrú. Téama a tarraingíodh anuas arís agus arís eile ba ea an tsaincheist sin sa seisiún sin agus rinneadh tagairt di ag tráthanna éagsúla i rith an tseisiúin.

4.2 Rinneadh comparáidí le compántais Eorpacha a thairgeann conarthaí 12 mhí – féach 2.1 thuas. Luadh freisin gur bhain damhsóirí i mórán tíortha tairbhe as pinsin, cúram sláinte, soláthar fisiteiripe, pá saoire agus reachtaíocht fostaíochta eile. Aithníodh, agus méid an mhaoinithe i láthair na huaire á chur san áireamh, nach mbeadh Éire ach in ann tacú le compántas bailé amháin (nó compántas damhsa níos ginearálta) dá nglacfaí leis an tsamhail sin.

4.3 Tugadh le fios gur mhinic a baineadh an úsáid mhícheart as an bhfocal 'gairmiúil' agus, cé gur comhaontaíodh gur bhain sé – ó thaobh cúrsaí teicniúla de – leo siúd a bhaineann slí bheatha amach tríd an damhsa, b'aidiacht é fosta a dhéanann cur síos ar iompar, ar dhearcadh agus ar thréithe damhsóra/taibheora – níor mhór é sin a thuilleamh agus ní leor freastal ar chúrsaí oiliúna etc. chun é a ghnóthú. Bhraith roinnt daoine gurb ionann é agus na damhsóirí atá ar chaighdeán idirnáisiúnta.

4.4 Pléadh an gá atá le stór níos fairsinge. Aithníodh ról na 'sárshaothar' agus aithníodh gur gá do dhamhsóirí taithí a fháil ar thionchar agus ar stíleanna difriúla cóiréagrafaíochta. Sa mhullach air sin, rinneadh tagairt don ghá atá ann tallann cóiréagrafaíochta a chothú. Bhí daoine áirithe den tuairim gur chóir go mbeadh an stór leathan agus gan a bheith dírithe ar rian ealaíontóra amháin. Mhol rannpháirtí amháin a thábhachtaí atá saothair nua atá "ábhartha" sa tsochaí chomhaimseartha toisc gur foirm ealaíne bheo é an bailé. Rinneadh beagán plé ar a riachtanaí atá sé freastal maith a dhéanamh ar shárshaothair (e.g. *The Nutcracker*) mar go dtacódh sé sin le hobair níos turgnamhaí de chuid compántas lánaimseartha. Tharraing rannpháirtí amháin aird ar an deacracht a bhaineann leis na costais arda a ghabhann le cearta taibhithe le haghaidh stór coitianta (Kylián, Balanchine). Tharraing rannpháirtí amháin aird ar a thábhachtaí atá sé "cothromaíocht" a fháil idir sárshaothair thraidisiúnta agus "nuashaothair insinte" a chuirtear i láthair i gcomhthráth le clár for-rochtana oideachais.

4.5 Tugadh roinnt samplaí inar bhain compántais bhailé tairbhe as an gcomhoibriú le heagraíochtaí comhpháirtíochta, e.g. ceolfhoirne, comhchoimisiúin le compántais bhailé eile, ionaid a ndéantar 'baile' compántais díobh a bheag nó a mhór. Comhaontaíodh go ginearálta gur gné thábhachtach de chleachtas gairmiúil é an comhoibriú le foirmeacha ealaíne eile (ceoldrámaí/ceolfhoirne). Luadh samhail na Gearmáine mar shampla.

4.6 Rinneadh cuid mhór tráchta ar an dearcadh i leith an bhailé in Éirinn. Airíodh go bhfuil dearcadh an-chaol ar an mbailé agus gur doiligh an dearcadh sin a athrú. Rinneadh comparáidí le dearcadh an phobail ar an gceol agus ar dhrámaíocht/litríocht in Éirinn – ar a ndéantar cur síos mar chuid de DNA an náisiúin. D'fhulaing an bailé in Éirinn mar gheall ar easpa feasachta agus rochtana ar stór ardchaighdeáin níos leithne, mar gheall ar easpa preas/léirmheastóirí eolacha agus mar gheall ar easpa rannpháirtíochta i measc roinnt bainisteoirí ionaid, múinteoirí agus tuismitheoirí. Ardaíodh an tsaincheist arís maidir leis an dearcadh ar bhailé in Éirinn agus ar a phróifíl.

4.7 Pléadh an tsaincheist maidir le maoiniú Dámhachtana Tionscadail ina dhiaidh sin. Cheistigh cuid den slua uasmhéid na Dámhachtana Tionscadail atá ar fáil faoi choinne Damhsa (€40,000) i gcomparáid le hAmharclannaíocht (€100,000) agus pléadh an chaoi a ndeachaigh sé sin i gcion ar a gcleachtas. Rinneadh roinnt plé ar a dheacra atá sé cothromaíocht a fháil idir tascanna riaracháin agus tascanna cruthaitheachta nuair a bhítear ag brath ar mhaoiniú tionscadail toisc nach dtacaítear le tascanna leanúnacha riaracháin.

4.8 Aithníodh go bhfuil cuid mhór ionad ar fud na hÉireann (de mhéideanna éagsúla) agus go n-oireann cuid mhór acu do chur i láthair damhsa. Bhíothas imníoch, áfach, nach bhfuil ionad oiriúnach ar mhéid mheasartha i mBaile Átha Cliath. Bheifí ábalta séasúir dhamhsa de chineálacha éagsúla a chur i láthair – i gcomhar le compántais chomhaimseartha b'fhéidir – dá mbeadh ionad den sórt sin ann.

4.9 Mhothaigh sciar den lucht freastail nach raibh guth aontaithe ag an mbailé in Éirinn, agus ina theannta sin, gur beag eolas agus lántuiscint sa tír seo ar an bhfoirm ealaíne. Measadh go raibh an pointe sin fíor agus rinneadh tuilleadh plé air. Bhíothas den tuairim go bhféadfadh an iomaíocht i gcomhair maoiniú a bheith ina thoisc shuaiteach ach bhíothas dóchasach go bhféadfaí gnóthaí pearsanta a chur ar leataobh ar mhaithe le leas agus le forbairt na foirme ealaíne in Éirinn.

4.10 Tarraingíodh an coincheap, "cad iad na tosca a dhéanfadh cás an-láidir le haghaidh mhaoiniú an bhailé" aníos. Moladh fís ealaíne, guth comhchoiteann, cruthú saothair nua, léirmheastóir oilte preasa/léirmheastóir bailé ainmnithe agus comhchoimisiúnú saothair. Thug roinnt daoine le tuiscint go bhfuil stór bailé na hÉireann teoranta mar gheall ar an maoiniú atá ar fáil. De thairbhe an phointe sin, chuathas siar chuig an gcomhrá a bhí ann roimhe sin i dtaca le compántas lánaimseartha ag a mbeadh damhsóirí ar conradh ar feadh 12 mhí den bhliain.

| Seisiún | **Forbairt Lucht Féachana** |
|---|---|

| Lucht Freastail | Teideal Poist | Eagraíocht |
|---|---|---|
| Jane Daly | Cathaoirleach | |
| Davide Terlingo | Ceann Damhsa | An Chomhairle Ealaíon |
| John O'Kane | Stiúrthóir Ealaíon | An Chomhairle Ealaíon |
| Áine Kelly | Oifigeach Damhsa | An Chomhairle Ealaíon |
| Derek Purnell | Comhairleoir Bailé | An Chomhairle Ealaíon |
| Victoria O'Brien | Comhairleoir Damhsa | An Chomhairle Ealaíon |
| Aoife McGrath | Sainchomhairleoir Neamhspleách | |
| Anne Maher | Stiúrthóir | Ballet Ireland |
| Fraser Brown | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Monica Loughman Ballet |
| Alan Foley | Stiúrthóir Ealaíne | Cork City Ballet |
| Katherine Lewis | Stiúrthóir Ealaíne | An Compántas Náisiúnta Bailé Óige |
| Joanna Banks | Stiúrthóir | College of Dance |
| Judith Sibley | Stiúrthóir Ealaíne | Chrysalis Dance/<br>Youth Ballet West |

| | | |
|---|---|---|
| Anica Louw | Stiúrthóir | Shawbrook |
| Katherine O'Malley | Damhsóir/Múinteoir | Liz Roche Company |
| Bríd Dukes | Stiúrthóir Ealaíne | Civic Theatre |
| Mike Adamson | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Live Nation |

---

**5. Ceisteanna le Plé**

Rinneadh plé ar na hábhair seo a leanas ag an gcruinniú:

5.1 Cad iad na príomhcheisteanna agus na deacrachtaí/tosca aitheanta a ghabhann le forbairt lucht féachana don bhailé in Éirinn? Cad a chuireann bac ar fhreastal?

5.2 Conas is féidir déimeagrafach agus próifíl an lucht féachana a éagsúlú?

5.3 Conas ba cheart aghaidh a thabhairt ar an laghdú ar an líon daoine a ghlacann páirt i mbailé?

**6. Tháinig an méid seo a leanas chun cinn ón bplé a rinneadh ar na topaicí:**

6.1 Tá an chuma ar an scéal gur fearr le lucht féachana na hÉireann (agus roinnt bainisteoirí ionad) 'sárshaothair' shábháilte toisc gur 'riosca' rómhór é stór anaithnid a fhiosrú. Tá dearcadh an-choimeádach ar shaothar nua. Is deacair saothair nua a thabhairt isteach ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna comhaimseartha. B'fhéidir gur mar thoradh ar mhargadh na hÉireann nach bhfuil go leor nuálaíochta agus oideachais le sonrú ann; ní bhíonn impreasóirí agus cláreagraithe nach bhfuil suim acu ach i ndíol ticéad amháin ar an eolas i gcónaí faoi cad is bailé maith agus bailé lagmheasartha ann.

6.2 Pléadh an gá atá ann oideachas a chur ar an lucht féachana faoin difríocht idir compántais chamchuairte ardchaighdeáin (e.g. Birmingham Royal Ballet) agus compántais a théann ar camchuairt le saothar ar chaighdeán níos ísle (luadh léirithe Rúiseacha ar camchuairt mar shamplaí de léirithe íoschaighdeáin a chuireann díomá ar an lucht féachana). Rinneadh trácht ar dhearcadh ginearálta an lucht féachana in Éirinn go bhfuil gach bailé Rúiseach go maith – mheas bunús na rannpháirtithe nach fíor é sin níos mó. Aithníodh go síleann luchtanna féachana, gan chúis, go bhfuil gach táirge 'Rúiseach' ar ardchaighdeán. Go stairiúil, mar gheall ar chuairteanna chompántas Bolshoi agus chompántas Kirov, chonaic lucht féachana na hÉireann na sárchompántais Rúiseacha ach níor cuireadh na compántais sin i láthair in Éirinn le fada an lá. Níl na compántais níos úire ar an gcaighdeán céanna.

6.3 Rinneadh plé fada ar an dóigh le sonraí a bhailiú faoi luchtanna féachana. Fuarthas go bhfuil an soláthar reatha do bhailiú sonraí neamhleor ó thaobh na gcompántas de. Ardaíodh na saincheisteanna a bhaineann le Cosaint Sonraí. Bhí ionaid níos sásta leis na córais atá i bhfeidhm acu (e.g. ceistneoirí á ndáileadh i bhforhallaí). Comhaontaíodh gur chóir lárchóras do bhailiú sonraí a chur ar bun.

6.4 De thairbhe comhoibriú níos fearr idir compántais agus ionaid, beifear níos muiníní as an gcompántas. Sa chás sin, d'fhéadfadh lucht féachana freastal ar léirithe bunaithe ar cháil an chompántais in áit ar chúrsaí stóir amháin. Leagadh béim ar an tábhacht agus ar na buntáistí a ghabhann le cothú caidrimh fhada le hionad. Comhaontaíodh gur féidir le dáimhiúlacht mhaith eatarthu cabhrú le rochtain an lucht féachana ar shaothair nua a fhorbairt agus leis an

lucht féachana a fhairsingiú. Go ginearálta, ba cheart comhoibriú idir páirtithe leasmhara, e.g. compántais, cleachtóirí neamhspleácha, ionaid, múinteoirí bailé, oideachasóirí, mic léinn damhsa, grúpaí pobail, scoileanna, etc. a spreagadh.

6.5 I dtaca le héagsúlú lucht féachana, beartaíodh go dteastaíonn níos mó taobhaithe agus tacadóirí ó dhomhan an bhailé chun próifíl agus feasacht ar an bhfoirm ealaíne a ardú. Síleadh go raibh easpa damhsóirí iomráiteacha bailé Éireannacha ina mhíbhuntáiste chuige sin. D'fhéadfaí an déimeagrafach a dhéanann freastal ar thaibhithe a fhairsingiú ach saothar atá níos ábhartha do lucht féachana comhaimseartha a chruthú agus a chur i láthair.

6.6 Tugadh le fios gur acmhainn den scoth é líon na ndaoine óga a ghlacann páirt i ranganna bailé agus go bhféadfaí sochar a bhaint aisti. D'fhéadfaí níos mó a dhéanamh chun mic léinn bhailé a spreagadh chun freastal ar raon léirithe ní ba leithne. Bheadh meascán de chineálacha cuir chuige ábhartha de dhíth faoina choinne, e.g. athruithe dearcaidh i measc roinnt múinteoirí bailé agus tuismitheoirí, praghsáil ticéad lamháltais, obair for-rochtana níos spriocdhírithe i measc compántas. Aithníodh go bhféadfadh méadú mór teacht ar lucht féachana de bharr líon ollmhór na mac léinn bailé atá ceangailte le gréasán mór na scoileanna damhsa príobháideacha in Éirinn. Cé go raibh ceisteanna gan freagairt maidir leis an tslí a bhféadfaí acmhainní a chur ar fáil dóibh, ba chóir go spreagfaí múinteoirí bailé chun cur lena gcuid eolais agus scileanna, ba chóir don earnáil oideachais aitheantas a thabhairt don damhsa mar réimse scoite staidéir agus ba chóir do chompántais a mhéad ionchur gairmiúil agus is féidir a chur ar fáil trí chláir for-rochtana, Scoileanna Samhraidh, etc.

6.7 D'fhéadfaí níos mó feasachta agus tuisceana ar bhailé a ghnóthú trí níos mó tionscadail for-rochtana, tionscnaimh oideachais agus imeachtaí spriocdhírithe, lena n-áirítear iad siúd do dhaoine fásta (e.g. cainteanna roimh léiriú agus ina dhiaidh). Mhol go leor de na rannpháirtithe go bhféadfadh na hionaid mhóra i mBaile Átha Cliath cabhrú le lucht féachana eolach a chothú ach compántais idirnáisiúnta agus saothair níos éagsúla a chur sna cláir. Bhí daoine eile den tuairim gur cinnte go gcuireann ceardlanna/cainteanna de chuid na gcompántas náisiúnta ar camchuairt le méid an lucht féachana agus gur cuidiú iad chun rannpháirtíocht/teagmháil daoine óga san ealaín a fhorbairt. Bhíothas ar aon tuairim go bhfuil clár gníomhaíochtaí agus cainteanna for-rochtana thar a bheith tairbhiúil chun feasacht ar léiriúchán a mhéadú (níos mó ticéad a dhíol) agus chun lucht féachana a ullmhú le haghaidh ábhar an léiriúcháin (glacadh dearfach).

# AGUISÍN 2

## Maidir leis na hÚdair

### An Dr Aoife McGrath

Léachtóir í an Dr Aoife McGrath i Scoil na nEalaíon Cruthaitheach, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, áit a múineann sí damhsa agus léann na hamharclannaíochta. Damhsóir clasaiceach bailé agus damhsóir comhaimseartha, cóiréagrafaí, léirmheastóir damhsa, agus comhairleoir damhsa don Chomhairle Ealaíon a bhí inti freisin. Is iomaí alt agus caibidil leabhair atá foilsithe aici i dtaobh an damhsa in Éirinn, agus d'fhoilsigh Palgrave Macmillan a monagraf *Dance Theatre in Ireland: Revolutionary Moves* (2013) le gairid. Comhthionólaí an Choreography and Corporeality Working Group de chuid an International Federation for Theatre Research í.

### Derek Purnell

Sular ceapadh mar an Stiúrthóir Teagmhála leis an bPobal in The Wallace Collection le gairid é, bhí Derek Purnell ina Shainchomhairleoir Ealaíon a thug faoin dúrud tionscadal le haghaidh roinnt eagraíochtaí, lenar áiríodh Norfolk Dance, Tilted Productions, Siobhan Davies Dance Company, Rambert Dance Company, Central School of Ballet, Elmhurst School for Dance, The Royal Ballet School, Northern School of Contemporary Dance, an Chomhairle Ealaíon, Rialtas na hAlban agus Béjart Ballet Lausanne. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Birmingham Royal Ballet tar éis ról mór a bheith aige in athlonnú an chompántais ó Sadler's Wells go Birmingham. Roimh a ghairmréim riaracháin, bhí sé ina aonréadaí sinsearach le Sadler's Wells Royal Ballet tar éis oiliúint a fháil sa Royal Ballet Upper School.

### An Dr Victoria O'Brien

Thosaigh Victoria O'Brien a cuid oiliúna i gColáiste Náisiúnta Damhsa na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus is céimí de chuid an Northern School of Contemporary Dance in Leeds. Thug sí faoi staidéar breise in Ionad Laban i Londain agus chríochnaigh sí PhD i stair an damhsa ag Ollscoil Luimnigh. Comhairleoir Damhsa í sa Chomhairle Ealaíon i láthair na huaire. Roimhe seo, bhí Victoria ina Stiúrthóir Clár Ealaíne le haghaidh 'Céim chun Tosaigh: Tionscadal Damhsa', ina hOifigeach Forbartha do Chartlann Náisiúnta Damhsa na hÉireann ag Leabharlann Glucksman, agus ina Bainisteoir Ginearálta don Dublin Youth Dance Company agus d'Fhéile Damhsa Óige na hÉireann. Staraí gníomhach damhsa atá inti. Leanann Victoria uirthi ag déanamh taighde ar bhailé na hÉireann agus ar an gcuimhne chultúrtha agus foilsíonn sí ábhar ina dtaobh. D'fhoilsigh Peter Lang a monagraf *A History of Irish Ballet from 1927 to 1963* in 2011.